BREITHIÚNAS NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Séú Dlísheomra Méadaithe)

8 Eanáir 2025 * [i]

(Próiseáil sonraí pearsanta – Daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais – Rialachán (AE) 2018/1725 – An coincheap 'sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tír' – Sonraí a aistriú le linn na cuairte arna tabhairt ar shuíomh gréasáin – EU Login – Caingean le haghaidh neamhniú – Gníomh nach bhfuil faoi réir achomhairc – Do-ghlacthacht – Caingean a bhaineann le mainneachtain gníomhú – Seasamh lena dtugtar an mhainneachtain gníomhú chun deiridh – Cás nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnais – Caingean le haghaidh damáistí – Sárú atá tromchúiseach go leor ar riail dlí lena dtugtar cearta do dhaoine aonair – Nasc cúisíoch – Damáiste neamhábhartha)

I gCás T-354/22,

Thomas Bindl, ina chónaí in München (an Ghearmáin), dá ndéanann T. Herbrich, Dlíodóir, ionadaíocht,

iarratasóir,

v

an Coimisiún Eorpach, dá ndéanann A. Bouchagiar, B. Hofstötter agus H. Kranenborg, i gcáil Gníomhairí, ionadaíocht,

cosantóir,

tugann AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Séú Dlísheomra Méadaithe),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: M. J. Costeira (Rapóirtéir), Uachtarán, M. Kancheva, U. Öberg, P. Zilgalvis agus E. Tichy-Fisslberger, Breithiúna,

Cláraitheoir: S. Jund, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

ag féachaint do bheart eagrúcháin nós imeachta an 21 Iúil 2023 agus do na freagraí ón gCoimisiún agus ón iarratasóir a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 7 agus an 8 Meán Fómhair 2023, faoi seach,

tar éis éisteacht an 17 Deireadh Fómhair 2023,

* Teanga an cháis: an Ghearmáinis.

ag féachaint do bheart eagrúcháin nós imeachta an 9 Feabhra 2024 agus do na freagraí ón gCoimisiún agus ón iarratasóir a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 12 agus an 13 Márta 2024, faoi seach,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Trína chaingean de bhun Airteagail 263, 265 agus 268 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, Thomas Bindl, ar an gCúirt Ghinearálta, ar an gcéad dul síos, aistrithe a shonraí pearsanta chuig tríú tíortha nach bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta acu a neamhniú, ar an dara dul síos, a dhearbhú gur mhainnigh an Coimisiún Eorpach go neamhdhleathach seasamh a ghlacadh maidir lena iarraidh ar fhaisnéis an 1 Aibreán 2022 agus, ar an tríú dul síos, an damáiste neamhábhartha a mhaíonn sé a d'fhulaing sé mar thoradh, ar an gcéad dul síos, ar shárú ar a cheart rochtana ar fhaisnéis agus, ar an dara dul síos, ar aistrithe a shonraí pearsanta a chúiteamh.

Cúlra na díospóide agus gníomhartha a tharlaíonn tar éis an chaingean a thabhairt

2 Is saoránach Gearmánach é an t-iarratasóir a bhfuil suim aige in ábhair a bhaineann le réimsí na teicneolaíochta faisnéise agus na cosanta sonraí pearsanta.

3 Is í Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide sa Choimisiún atá ina rialaitheoir ar phróiseáil sonraí pearsanta chun críocha shuíomh gréasáin na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa ag an seoladh 'https://futureu.europa.eu' ('suíomh gréasáin CTE').

4 Thug an t-iarratasóir cuairt ar shuíomh gréasáin CTE roinnt uaireanta le linn 2021 agus 2022. Thug sé cuairt, *inter alia*, ar an suíomh gréasáin sin an 30 Márta 2022 agus chláraigh sé don imeacht 'GoGreen' a bhí le feiceáil air, ag baint úsáid as a chuntas Facebook agus, an 8 Meitheamh 2022, thug sé cuairt ar an suíomh gréasáin sin arís.

5 Trí ríomhphost an 9 Samhain 2021 ('iarraidh ar fhaisnéis an 9 Samhain 2021'), d'iarr an t-iarratasóir ar Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin faisnéis a sholáthar dó faoi Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO 2018 L 295, lch. 39)

6 Sa ríomhphost sin, ar an gcéad dul síos, luaigh an t-iarratasóir gur thug sé faoi deara, nuair a bhí sé logáilte isteach ar shuíomh gréasáin CTE, go ndearnadh nasc le soláthraithe tríú páirtí, amhail an gnóthas Meiriceánach Amazon Web Services, a ghníomhachtú; ar an dara dul síos, d'iarr sé go gcuirfí ar an eolas é faoi cé na sonraí pearsanta a bhaineann leis a próiseáladh nó a stóráladh agus cé na sonraí, más ann dóibh, a aistríodh chuig tríú páirtithe; ar an tríú dul síos, d'iarr sé ar fhaisnéis maidir le bunús dlí an aistrithe sin agus maidir le coimircí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le haistriú chuig tríú tíortha nach bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta acu.

7 Le ríomhphost an 3 Nollaig 2021, sheol Ard-Stiúrthóireacht Cumarsáide an Choimisiúin nasc leictreonach chuig an iarratasóir agus chuir sí in iúl dó gur chuir an nasc sin ar a chumas liosta a ghiniúint go díreach de na sonraí pearsanta a próiseáladh le linn na cuairte arna tabhairt ar

shuíomh gréasáin CTE. Ina theannta sin, chuir sé in iúl don iarratasóir, ar an gcéad dul síos, nár aistríodh a chuid sonraí pearsanta chuig faighteoirí lasmuigh den Aontas Eorpach agus, ar an dara dul síos, gur stóráladh agus gur próiseáladh iad ar shuíomh gréasáin CTE, a bhain úsáid as líonra seachadta inneachair arna bhainistiú ag Amazon Web Services EMEA SARL ('AWS EMEA'), atá bunaithe i Lucsamburg (Lucsamburg). Ina theannta sin, luaigh sé, i gcomhthéacs na gcomhaontuithe conarthacha arna dtabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus AWS EMEA, nár bhain an rialaitheoir sonraí úsáid as seirbhísí lena gceanglófaí aistriú sonraí chuig comhpháirtithe AWS EMEA atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe agus nár údaraíodh, ar bhonn prionsabail, aistriú sonraí lasmuigh de chríoch an Aontais Eorpaigh.

8 Le ríomhphost an 1 Aibreán 2022, d'iarr an t-iarratasóir ar fhaisnéis ón gCoimisiún, de bhun Rialachán 2018/1725, maidir le próiseáil a shonraí ('iarraidh ar fhaisnéis an 1 Aibreán 2022'). Ar an gcéad dul síos, dúirt sé gur thug sé faoi deara, nuair a logáil sé isteach ar shuíomh gréasáin CTE, gur bunaíodh nasc le soláthraithe tríú páirtí amhail AWS EMEA agus gur bunaíodh nasc leis an ngnóthas Meta Platforms nuair a d'úsáid sé a shonraí logáil isteach Facebook chun clárú ar an suíomh gréasáin sin. Ar an dara dul síos, d'iarr sé go gcuirfí ar an eolas é faoi na sonraí pearsanta a bhaineann leis a próiseáladh nó a stóráladh agus cé na sonraí, más ann dóibh, a aistríodh chuig tríú páirtithe. Ar an tríú dul síos, d'iarr sé ar fhaisnéis maidir le bunús dlí an aistrithe sin agus maidir le coimircí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le haistriú chuig tríú tíortha nach bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta acu. Ar an gceathrú dul síos, d'iarr sé ar chóip dá chuid sonraí, lena n-áirítear iad siúd a stórálann nó a phróiseálann tríú páirtithe amhail Facebook.

9 Le ríomhphoist an 22 Aibreán agus an 2 Bealtaine 2022, thathantaigh an t-iarratasóir ar an gCoimisiún freagra a thabhairt ar an iarraidh ar fhaisnéis an 1 Aibreán 2022.

10 Le hiarratas a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 9 Meitheamh 2022, thug an t-iarratasóir an chaingean seo.

11 Le ríomhphost an 30 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún in iúl don iarratasóir gur mheas sé go raibh an iarraidh ar fhaisnéis an 1 Aibreán 2022 beagnach comhionann leis an iarraidh ar fhaisnéis an 9 Samhain 2021 agus gur thug sé freagra ar an iarraidh sin cheana féin trína ríomhphost an 3 Nollaig 2021.

12 Is gnóthas atá bunaithe sna Stáit Aontaithe é Amazon Web Services agus is gnóthas é AWS EMEA atá bunaithe i Lucsamburg. Is foghnóthais iad an dá ghnóthas den ghnóthas atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, Amazon.com, Inc.

An t-ordú atá á lorg ag na páirtithe

13 Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

– aistrithe a shonraí pearsanta chuig tríú tíortha gan leibhéal leordhóthanach cosanta a tharla an 30 Márta agus an 8 Meitheamh 2022 a chur ar neamhní;

– a dhearbhú gur mhainnigh an Coimisiún go neamhdhleathach seasamh a ghlacadh maidir leis an iarraidh ar fhaisnéis an 1 Aibreán 2022;

– a ordú don Choimisiún suim EUR 1 200 a íoc leis, mar aon le hús, a fhreagraíonn, ar an gcéad dul síos, do shuim EUR 800, mar chúiteamh as an damáiste neamhábhartha a fulaingíodh mar thoradh ar shárú ar a cheart rochtana ar fhaisnéis agus, ar an dara dul síos, suim EUR 400, mar chúiteamh as an damáiste neamhábhartha a fulaingíodh mar thoradh ar na haistrithe sin dá chuid sonraí;

– a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

14 Iarrann an Coimisiún ar an gCúirt Ghinearálta:

– an t-éileamh le haghaidh neamhniú agus an t-éileamh a bhaineann le mainneachtain gníomhú a dhíbhe toisc iad a bheith do-ghlactha;

– mar mhalairt air sin, a dhearbhú nach gá a thuilleadh breithniú a dhéanamh ar an éileamh a bhaineann le mainneachtain gníomhú;

– an t-éileamh ar dhamáistí a dhíbhe toisc é a bheith gan bhunús;

– a ordú don iarratasóir na costais a íoc.

An dlí lena mbaineann

Réamhbhreithnithe maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus ag gníomhaireachtaí an Aontais

15 In Airteagal 16(1) CFAE agus Airteagal 8(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’), foráiltear go bhfuil ag gach duine an ceart go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis a chosaint.

16 Maidir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1), leagtar síos rialacha ginearálta chun daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus chun saorghluaiseacht na sonraí sin a áirithiú (Airteagal 1(1) de Rialachán 2016/679).

17 Leagtar síos rialacha le Rialachán 2018/1725 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Aontais agus rialacha i ndáil le saorghluaiseacht sonraí pearsanta eatarthu nó chuig faighteoirí eile atá bunaithe san Aontas (Airteagal 1(1) de Rialachán 2018/1725). Leis an Rialachán sin, cosnaítear cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha agus go háirithe a gceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint (Airteagal 1(2) de Rialachán 2018/1725). Tá feidhm ag an Rialachán sin maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí uile an Aontais (Airteagal 2(1) de Rialachán 2018/1725).

18 Meabhraítear in Aithris 5 de Rialachán 2018/1725, de réir chásdlí na Cúirte Breithiúnais, tráth ar bith a leanann forálacha Rialachán 2018/1725 na prionsabail chéanna leis na forálacha atá i Rialachán 2016/679, ba cheart an dá thacar foráil sin a léiriú go haonchineálach, go háirithe mar gheall gur cheart a thuiscint go bhfuil scéim Rialachán 2018/1725 coibhéiseach le scéim Rialachán

2016/679. I ndáil leis sin, is léir freisin ó léamh comhcheangailte ar fhorálacha Airteagal 2(3) de Rialachán 2016/679 agus Airteagal 99 de Rialachán 2018/1725 go gcuirtear an Rialachán deireanach sin in oiriúint do phrionsabail agus rialacha Rialachán 2016/679.

Inghlacthacht

Inghlacthacht an éilimh le haghaidh neamhniú

19 Lena chéad chuntar éilimh, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí aistrithe a shonraí pearsanta chuig tríú tíortha gan leibhéal leordhóthanach cosanta, a tharla an 30 Márta agus an 8 Meitheamh 2022 ('na haistrithe atá faoi dhíospóid'), ar neamhní.

20 Ina chosaint, maíonn an Coimisiún go bhfuil an t-iarratas sin ar neamhniú do-ghlactha ar an bhforas nach bhfuil sé dírithe ar ghníomh is féidir agóid a dhéanamh ina choinne, de réir bhrí Airteagal 263 CFAE, ach go n-iarrann sé ordú i gcoinne an Choimisiúin.

21 Áitíonn an t-iarratasóir go bhfuil an t-iarratas ar neamhniú inghlactha, ag áitiú gur gníomhartha iad na haistrithe atá faoi dhíospóid a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha acu agus a dhéanann difear dá staid dhlíthiúil, tríd an mbonn a bhaint dá cheart bunúsach chun sonraí pearsanta a chosaint, a ráthaítear le hAirteagal 8 den Chairt. Bheadh aon léiriú eile ar neamhréir leis an gceart bunúsach chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil, ach aithnítear an ceart sin go sainráite in Airteagal 64(1) de Rialachán 2018/1725.

22 Mar a mheabhraítear in Airteagal 64(1) agus in aithris 79 de Rialachán 2018/1725, tá an ceart ag gach duine leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na Conarthaí, má mheasann sé go bhfuil a chearta faoin Rialachán sin á sárú.

23 Dá bhrí sin, i gcomhthéacs Rialachán 2018/1725, tá sé de cheart ag gach duine lena mbaineann, *inter alia*, caingean le haghaidh neamhniú a thionscnamh faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 263 CFAE.

24 De réir cásdlí socair, tá caingean le haghaidh neamhniú faoi Airteagal 263 CFAE ar fáil i gcás aon ghnímh de chuid na n-institiúidí, is cuma cén fhoirm ina bhfuil sé, a bhfuil sé beartaithe go mbeadh éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha aige a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do leasanna an iarratasóra trí athrú ar leith a dhéanamh dá staid dhlíthiúil (féach breithiúnais an 19 Eanáir 2017, *an Coimisiún* v *Total agus Elf Aquitaine*, C-351/15 P, EU:C:2017:27, míreanna 35 agus 36 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 16 Iúil 2020, *Inclusion Alliance for Europe* v *an Coimisiún*, C-378/16 P, EU:C:2020:575, mír 71 agus an cásdlí dá dtagraítear).

25 Chun a chinneadh an mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha ag gníomh, ní mór, i gcomhréir le cásdlí socair na Cúirte, breathnú ar shubstaint an ghnímh sin agus measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí sin i bhfianaise critéir oibiachtúla, amhail inneachar an ghnímh sin, agus, i gcás inarb iomchuí, an comhthéacs inar glacadh an gníomh sin á chur san áireamh chomh maith le cumhachtaí na hinstitiúide, an chomhlachta, na hoifige nó na gníomhaireachta de chuid an Aontais is údar dó (féach breithiúnas an 15 Iúil 2021, *FBF*, C-911/19, EU:C:2021:599, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear).

26 Sa chás seo, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí na haistrithe atá faoi dhíospóid ar neamhní, a tharla, dar leis, trí huaire. Ar an gcéad dul síos, nuair a thug sé cuairt ar shuíomh gréasáin CTE an 30 Márta 2022 ('an t-aistriú atá faoi dhíospóid le linn na cuairte arna tabhairt ar shuíomh gréasáin CTE an 30 Márta 2022'), aistríodh sonraí pearsanta a bhaineann leis, go háirithe a sheoladh IP agus faisnéis ar a bhrabhsálaí agus a theirminéal, chuig an ngnóthas Meiriceánach Amazon Web Services, ina cháil mar oibreoir an líonra seachadta inneachair ar a dtugtar Amazon CloudFront, arna úsáid ag an suíomh gréasáin sin.

27 Ar an dara dul síos, le linn an naisc a bhunaigh an t-iarratasóir an 30 Márta 2022 le seirbhís fíordheimhniúcháin úsáideora an Choimisiúin EU Login, ag baint úsáid as a chuntas Facebook, chun clárú don imeacht 'GoGreen' ar shuíomh gréasáin CTE ('an t-aistriú atá faoi dhíospóid le linn an naisc le EU Login an 30 Márta 2022'), aistríodh sonraí pearsanta dá chuid, go háirithe a sheoladh IP agus faisnéis faoina bhrabhsálaí agus a theirminéal, chuig an ngnóthas Meiriceánach Meta Platforms, Inc.

28 Ar an tríú dul síos, le linn na gcuairteanna arna dtabhairt ag an iarratasóir ar shuíomh gréasáin CTE an 8 Meitheamh 2022 ('an t-aistriú atá faoi dhíospóid le linn na gcuairteanna arna dtabhairt ar shuíomh gréasáin CTE an 8 Meitheamh 2022'), aistríodh sonraí pearsanta a bhaineann leis chuig freastalaí Amazon CloudFront atá lonnaithe in Newark (New Jersey, na Stáit Aontaithe).

29 Ina theannta sin, luann an t-iarratasóir ina iarratas go bhfuair sé rochtain ar shuíomh gréasáin CTE an 9 Samhain 2021 agus gur chláraigh sé ar shuíomh gréasáin CTE an dáta sin ag baint úsáid as a chuntas Facebook. Mar sin féin, ní chuireann sé aon fhianaise shonrach ar aghaidh ónar féidir teacht ar an gconclúid go gcumhdaítear na himthosca sin lena iarratas ar neamhniú na n-aistrithe atá faoi dhíospóid. Is iomchuí, dá bhrí sin, gan ach na haistrithe atá faoi dhíospóid dá dtagraítear i míreanna 26 go 28 thuas a chur san áireamh.

30 Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfreagraíonn na haistrithe atá faoi dhíospóid a n-iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí iad a neamhniú, dá dtagraítear i míreanna 26 go 28 thuas, de réir an iarratasóra féin, d'oibríochtaí aistrithe sonraí teicneolaíochta faisnéise a sheol córais nó seirbhísí teicneolaíochta faisnéise an Choimisiúin, go háirithe suíomh gréasáin CTE, do fhreastalaithe ar le gnóthais tríú páirtí iad atá bunaithe lasmuigh de chríoch an Aontais Eorpaigh.

31 Is fíor gurb ionann an oibríocht arb é atá inti aistriú sonraí pearsanta ó institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais chuig tríú tír, dá réir sin, agus próiseáil sonraí pearsanta, de réir bhrí Airteagal 3(3) de Rialachán 2018/1725, a dhéantar i gcríoch an Aontais, a bhfuil feidhm ag an Rialachán sin maidir léi de bhun Airteagal 2(5) de (féach, de réir analaí, breithiúnas an 16 Iúil 2020, *Facebook Ireland agus Schrems*, C-311/18, 'an breithiúnas in *Schrems II*', EU:C:2020:559, mír 83).

32 Mar sin féin, ní gníomhartha inchonspóide iad na hoibríochtaí uile a bhféadfadh aistriú sonraí pearsanta a bheith mar thoradh orthu, de réir bhrí Airteagal 3(3) de Rialachán 2018/1725, de réir bhrí Airteagal 263 CFAE, mar a léirítear é leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 24 thuas.

33 Sa chás seo, fiú má cruthaíodh na haistrithe atá faoi dhíospóid, ní mór a mheas gur gníomhartha ábhartha iad seachas gníomhartha dlí. Is éard atá sna haistrithe atá faoi dhíospóid, mar a thugtar tuairisc orthu san iarratas, oibríochtaí teicneolaíochta faisnéise chun sonraí a aistriú ó theirminéal nó freastalaí amháin go teirminéal nó freastalaí eile, a eascraíonn as na hidirghníomhaíochtaí idir an t-iarratasóir agus córais nó seirbhísí teicneolaíochta faisnéise an Choimisiúin, le linn na gcuairteanna arna dtabhairt ar shuíomh gréasáin CTE nó ar sheirbhís EU Login. Ar an taobh eile, ní gníomhartha de chuid an Choimisiúin iad na haistrithe atá faoi dhíospóid a bhfuil éifeachtaí

dlíthiúla ceangailteacha acu, is é sin le rá, níl siad beartaithe chun staid dhlíthiúil a rialáil agus, mar is léir óna gcineál féin, níor bheartaigh an Coimisiún ar bhealach ar bith éifeachtaí den sórt sin a thabhairt dóibh.

34 Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh na haistrithe atá faoi dhíospóid éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha a chruthú a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do leasanna an iarratasóra trí athrú ar leith a dhéanamh dá staid dhlíthiúil, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 24 thuas. Dá bhrí sin, ní féidir iad a mheas mar ghníomhartha ar féidir agóid a dhéanamh ina gcoinne de réir bhrí Airteagal 263 CFAE.

35 Dá bhrí sin, ní mór diúltú d'éileamh an iarratasóra le haghaidh neamhniú toisc é a bheith doghlactha.

Inghlacthacht an éilimh a bhaineann le mainneachtain gníomhú

36 Lena dhara cuntar éilimh, iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta a chinneadh gur mhainnigh an Coimisiún go neamhdhleathach seasamh a ghlacadh maidir leis an iarraidh ar fhaisnéis an 1 Aibreán 2022.

37 Ina chosaint, áitíonn an Coimisiún go bhfuil an t-iarratas sin ar mhainneachtain gníomhú doghlactha ar an bhforas nach bhfuil aon iarraidh chun gníomhú de réir bhrí an dara mír d'Airteagal 265 CFAE. Mar mhalairt air sin, áitíonn an Coimisiún nach bhfuil aon ghá le breithniú a dhéanamh a thuilleadh ar an iarratas ar mhainneachtain gníomhú, i bhfianaise a fhreagra chuig an iarratasóir trí ríomhphost an 30 Meitheamh 2022.

38 Áitíonn an t-iarratasóir, go bunúsach, go bhfuil sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún fós freagra a thabhairt ar an iarraidh ar fhaisnéis an 1 Aibreán 2022, ós rud é go bhfuil an fhaisnéis a chuir sé ar fáil trína ríomhphost an 30 Meitheamh 2022 neamhleor agus míchruinn.

39 De réir cásdlí socair, tá an leigheas dlí dá bhforáiltear in Airteagal 265 CFAE bunaithe ar an smaoineamh go bhféadfaí caingean a thabhairt os comhair Chúirteanna an Aontais Eorpaigh le neamhghníomhaíocht neamhdhleathach ar thaobh na hinstitiúide a ndearnadh gearán ina leith chun a dhearbhú go bhfuil an neamhghníomh contrártha leis an gConradh, i gcás nár leigheas an institiúid lena mbaineann an neamhghníomh sin (breithiúnas an 12 Iúil 1988, *an Pharlaimint* v *an Chomhairle*, 377/87, EU:C:1988:387, mír 9; féach, freisin, breithiúnas an 16 Nollaig 2015, *an tSualainn* v *an Coimisiún*, T-521/14, nár foilsíodh, EU:T:2015:976, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear).

40 I gcás inar glacadh an gníomh arb é a neamhghníomh is ábhar don díospóid tar éis an chaingean a thabhairt ach sular tugadh an breithiúnas, ní fhéadfaidh na hiarmhairtí a leagtar síos in Airteagal 266 CFAE a bheith mar thoradh a thuilleadh ar dhearbhú ó chúirt an Aontais lena gcinntear go raibh an neamhghníomh tosaigh neamhdhleathach. Dá bhrí sin, i gcás den sórt sin, níl ábhar na caingne ann a thuilleadh, rud a fhágann nach bhfuil aon ghá ann breithiúnas a thabhairt uirthi a thuilleadh (breithiúnas an 12 Iúil 1988, *an Pharlaimint* v *an Chomhairle*, 377/87, EU:C:1988:387, míreanna 10 agus 11; féach, freisin, ordú an 13 Nollaig 2000, *Sodima* v *an Coimisiún*, C-44/00 P, EU:C:2000:686, mír 83 agus an cásdlí dá dtagraítear).

41 Sa chás seo, ní mór a thabhairt faoi deara gur thug an Coimisiún freagra ar an iarraidh ar fhaisnéis an 1 Aibreán 2022 trína ríomhphost an 30 Meitheamh 2022 (féach mír 11 thuas). Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún deireadh leis an mainneachtain gníomhú a líomhnaigh an t-iarratasóir sa

chaingean seo, tar éis an chaingean sin a thionscnamh. Dá bhrí sin, níl aon chuspóir ag an dara cuntar éilimh lena n-iarrtar dearbhú, ar bhonn Airteagal 265 CFAE, gur mhainnigh an Coimisiún gníomhú in éagmais freagra ar an iarraidh ar fhaisnéis an 1 Aibreán 2022.

42 Ní bhaineann sé le hábhar ina leith sin nach gcomhfhreagraíonn inneachar ríomhphost an Choimisiúin an 30 Meitheamh 2022 don fhreagra a d'iarr an t-iarratasóir. I ndáil leis sin, ní bhaineann sé le hábhar nach ndéanann an seasamh arna ghlacadh ag an institiúid an t-iarratasóir a shásamh, ós rud é go dtagraítear in Airteagal 265 CFAE do mhainneachtain gníomhú i bhfoirm mainneachtain cinneadh a dhéanamh nó seasamh a ghlacadh agus ní do bheart a ghlacadh seachas an beart ba mhian leis an bpáirtí sin nó a mheasfadh sé a bheith riachtanach (féach ordú an 6 Aibreán 2017, *Brancheforeningen for Regulerkraft i Danmark* v *an Coimisiún*, T-203/16, nár foilsíodh, EU:T:2017:279, mír 22 agus an cásdlí dá dtagraítear).

43 Dá bhrí sin, ní gá a thuilleadh rialú a thabhairt ar éileamh an iarratasóra a bhaineann le mainneachtain gníomhú agus ní gá rialú a thabhairt ar do-ghlacthacht an éilimh sin arna hardú ag an gCoimisiún.

Maidir leis an éileamh ar dhamáistí

44 Lena thríú cuntar éilimh, déanann an t-iarratasóir dhá iarratas ar dhamáistí. Ar an gcéad dul síos, iarrann sé go n-íocfaí EUR 800 mar chúiteamh as an damáiste neamhábhartha a mhaíonn sé a d'fhulaing sé mar thoradh ar mhainneachtain an Choimisiúin a cheart rochtana ar fhaisnéis a chomhlíonadh, de shárú ar Airteagal 14(3) agus (4) agus Airteagal 17(1) agus (2) de Rialachán 2018/1725 agus ar phrionsabal na trédhearcachta a leagtar síos in Airteagal 4(1)(a) den Rialachán sin. Ar an dara dul síos, iarrann sé go n-íocfaí EUR 400 mar chúiteamh as an damáiste neamhábhartha a mhaíonn sé a d'fhulaing sé mar thoradh ar na haistrithe atá faoi dhíospóid, a tharla de shárú ar Airteagal 46 agus Airteagal 48(1) agus (2)(b) de Rialachán 2018/1725.

45 Áitíonn an Coimisiún gur cheart an t-éileamh ar dhamáistí a dhíbhe.

Réamhbhreithnithe ar na coinníollacha a bhaineann le dliteanas neamhchonarthach an Aontais Eorpaigh a thabhú faoi Rialachán 2018/1725

46 Foráiltear le hAirteagal 65 de Rialachán 2018/1725 go mbeidh sé de cheart ag aon duine ar bhain damáiste ábhartha nó neamhábhartha dó nó di mar thoradh ar shárú ar an Rialachán sin cúiteamh a fháil ó institiúid nó ó chomhlacht an Aontais as an damáiste a bhain dó, faoi réir na 'gcoinníollacha dá bhforáiltear sna Conarthaí'.

47 Ní mór Airteagal 65 de Rialachán 2018/1725 a léiriú sa chaoi go bhforáiltear go bhfuil an ceart chun cúiteamh a fháil ón institiúid nó ón gcomhlacht de chuid an Aontais as damáiste a rinneadh mar thoradh ar shárú ar an Rialachán sin faoi réir choinníollacha an dara mír d'Airteagal 340 CFAE, faoina gcaithfidh an tAontas Eorpach, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát, aon damáiste a rinne a institiúidí nó a sheirbhísigh agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu a leigheas.

48 De réir cásdlí socair, toimhdítear le dliteanas neamhchonarthach an Aontais a thabhú go bhfuil trí choinníoll charnacha á gcomhlíonadh, eadhon neamhdhleathacht an iompair a chuirtear na hinstitiúidí ina leith, fírinne an damáiste agus nasc cúisíoch a bheith ann idir an iompar agus an

damáiste a ndearnadh gearán ina leith (féach, chuige sin, breithiúnais an 4 Iúil 2000, *Bergaderm agus Goupil* v *an Coimisiún*, C-352/98 P, EU:C:2000:361, míreanna 39 go 42, agus an 28 Deireadh Fómhair 2021, *Vialto Consulting* v *an Coimisiún*, C-650/19 P, EU:C:2021:879, mír 138).

49 Ciallaíonn cineál carnach na gcoinníollacha sin, i gcás nach gcomhlíontar ceann amháin acu, nach mór an chaingean le haghaidh damáistí a dhíbhe ina hiomláine, gan é a bheith riachtanach scrúdú a dhéanamh ar na coinníollacha eile (breithiúnas an 9 Meán Fómhair 1999, *Lucaccioni* v *an Coimisiún*, C-257/98 P, EU:C:1999:402, míreanna 14 agus 63; féach, freisin, breithiúnas an 25 Feabhra 2021, *Dalli* v *an Coimisiún*, C-615/19 P, EU:C:2021:133, mír 42 agus an cásdlí dá dtagraítear).

50 Maidir leis an gcéad cheann de na coinníollacha, ceanglaítear leis an gcásdlí go suitear sárú atá tromchúiseach go leor ar riail dlí atá beartaithe cearta a thabhairt do dhaoine aonair (féach breithiúnas an 4 Iúil 2000, *Bergaderm agus Goupil* v *an Coimisiún*, C-352/98 P, EU:C:2000:361, mír 42 agus an cásdlí dá dtagraítear).

51 Is é is aidhm don cheanglas sin maidir le sárú atá tromchúiseach go leor ar dhlí an Aontais, beag beann ar chineál an ghnímh neamhdhleathaigh atá i gceist, cosc a chur ar an mbaol go n-iomprófaí an damáiste arna líomhain ag na daoine lena mbaineann ó bhac a chur ar chumas na hinstitiúide lena mbaineann a cumhachtaí a fheidhmiú go hiomlán ar mhaithe le leas an phobail, i gcomhthéacs a gníomhaíochtaí a bhfuil raon feidhme reachtach acu nó a bhfuil roghanna beartais eacnamaíoch i gceist leo agus laistigh dá cumhachtaí riaracháin, gan ligean do dhaoine aonair, áfach, iarmhairtí sáruithe mínáireacha agus dochosanta a sheasamh (féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Nollaig 2018, *East West Consulting* v *an Coimisiún*, T-298/16, EU:T:2018:967, mír 124 agus an cásdlí dá dtagraítear).

52 Is é an critéar cinntitheach chun a chinneadh go bhfuil sárú atá tromchúiseach go leor an ndearna an institiúid nó an comhlacht de chuid an Aontais lena mbaineann neamhaird fhollasach thromchúiseach ar na teorainneacha atá lena lánrogha. I gcás nach bhfuil ach lánrogha a laghdaíodh go suntasach ag an institiúid nó ag an gcomhlacht sin, nó nach bhfuil aon lánrogha acu, d'fhéadfadh sé gur leor an sárú ar dhlí an Aontais amháin chun a shuí gurb ann do shárú atá tromchúiseach go leor (féach breithiúnas an 10 Nollaig 2002, *an Coimisiún* v *Camar agus Tico*, C-312/00, EU:C:2002:736, mír 54 agus an cásdlí dá dtagraítear). Mar sin féin, ní bhunaítear leis an gcásdlí sin aon nasc uathoibríoch idir, ar thaobh amháin, easpa lánrogha na hinstitiúide lena mbaineann agus, ar an taobh eile, aicmiú an tsáraithe mar shárú atá tromchúiseach go leor ar dhlí an Aontais (breithiúnas an 3 Márta 2010, *Artegodan* v *an Coimisiún*, T-429/05, EU:T:2010:60, mír 59). Cé go bhfuil sé cinntitheach, ní critéar eisiach é méid lánrogha na hinstitiúide lena mbaineann. I ndáil leis sin, mheabhraigh an Chúirt go comhsheasmhach go gcuirtear san áireamh freisin sa chóras atá bunaithe aici faoin dara mír d'Airteagal 340 CFAE, *inter alia*, castacht na gcásanna atá le rialáil agus na deacrachtaí a bhaineann leis na téacsanna a chur i bhfeidhm nó a léiriú (féach breithiúnas an 23 Samhain 2011, *Sison* v *an Chomhairle*, T-341/07, EU:T:2011:687, míreanna 36 agus 37 agus an cásdlí dá dtagraítear) nó, ar bhonn níos ginearálta, an réimse, na coinníollacha agus an comhthéacs ina bhfuil an riail a sáraíodh ina ceangal ar an institiúid nó ar an gcomhlacht de chuid an Aontais lena mbaineann (féach breithiúnas an 4 Aibreán 2017, *an Ombudsman* v *Staelen*, C-337/15 P, EU:C:2017:256, mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear).

53 Dá bhrí sin, ní féidir dliteanas an Aontais a thabhú ach amháin i gcás ina gcinntear neamhrialtacht nach mbeadh, in imthosca inchomparáide, déanta ag údaráis atá stuama agus dícheallach de ghnáth. Dá bhrí sin, is faoi Chúirteanna an Aontais Eorpaigh atá sé, tar éis dóibh a chinneadh an raibh rogha ag an institiúid lena mbaineann, castacht an cháis atá le rialáil a chur san áireamh, na deacrachtaí a bhaineann leis na téacsanna a chur i bhfeidhm nó a léiriú, méid soiléireachta agus beachtais na rialach a sáraíodh agus cineál na hearráide a rinneadh d'aon ghnó nó dochosanta (breithiúnas an 3 Márta 2010, *Artegodan* v *an Coimisiún*, T-429/05, EU:T:2010:60, mír 62).

54 Maidir leis an gcoinníoll a bhaineann le damáiste a bheith iarbhír, ní mór an damáiste a bheith iarbhír agus cinnte, agus is faoin iarratasóir atá sé é sin a chruthú (féach breithiúnas an 9 Samhain 2006, *Agraz agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, C-243/05, EU:C:2006:708, mír 27 agus an cásdlí dá dtagraítear). Os a choinne sin, ní eascraíonn ceart chun cúitimh as damáiste atá go hiomlán hipitéiseach agus neamhchinntithe (féach breithiúnas an 26 Deireadh Fómhair 2011, *Dufour* v *BCE*, T-436/09, EU:T:2011:634, mír 192 agus an cásdlí dá dtagraítear).

55 Maidir leis an gcoinníoll a bhaineann le nasc cúisíoch, baineann an coinníoll sin le nasc cúisíoch atá díreach go leor a bheith ann idir an t-iompar a chuirtear an institiúid ina leith agus an damáiste, nasc ar faoin iarratasóir atá sé a chruthú, agus é mar thoradh air sin nach mór don iompar a ndéantar gearán ina leith a bheith ina chúis chinntitheach leis an damáiste (féach breithiúnas an 13 Nollaig 2018, *an tAontas Eorpach* v *ASPLA agus Armando Álvarez*, C-174/17 P agus C-222/17 P, EU:C:2018:1015, mír 23 agus an cásdlí dá dtagraítear).

56 Thairis sin, ba cheart a mheabhrú gur bunaíodh an chaingean le haghaidh damáistí, bunaithe ar an dara mír d'Airteagal 340 CFAE, mar leigheas neamhspleách, agus go bhfuil feidhm ar leith aige laistigh den chóras leigheasanna dlí agus faoi réir coinníollacha feidhmithe a ceapadh chun críocha a ábhair shonraigh, agus mar thoradh air sin nach bhfuil iarratas ar dhamáistí i gceist go huathoibríoch leis an dearbhú go bhfuil an t-iarratas ar neamhniú do-ghlactha (féach breithiúnas an 5 Meán Fómhair 2019, *an tAontas Eorpach* v *Guardian Europe* agus *Guardian Europe* v *an tAontas Eorpach*, C-447/17 P agus C-479/17 P, EU:C:2019:672, mír 49 agus an cásdlí dá dtagraítear).

57 Dá bhrí sin, ní fhágann diúltú an iarratais ar neamhniú ar an bhforas go bhfuil sé neamh-inghlactha agus diúltú an iarratais ar mhainneachtain gníomhú ar an bhforas nach bhfuil aon ghá le rialú air a thuilleadh, i gcomhréir le míreanna 35 agus 43 thuas, go bhfuil diúltú na n-iarratas ar dhamáistí dá dtagraítear i mír 44 thuas do-ghlactha.

58 Is i bhfianaise na mbreithnithe sin nach mór scrúdú a dhéanamh ar na gearáin arna gcur ar aghaidh ag an iarratasóir i gcomhthéacs a iarratais ar dhamáistí.

An chéad iarratas ar dhamáistí as damáiste neamhábhartha a eascraíonn as sárú ar an gceart chun rochtain a fháil ar fhaisnéis

59 Lena chéad iarratas ar dhamáistí, iarrann an t-iarratasóir a ordú go n-íocfaidh an Coimisiún suim EUR 800 leis, mar chúiteamh as an damáiste neamhábhartha a fulaingíodh mar thoradh ar shárú ar a cheart rochtana ar fhaisnéis.

60 Ar an gcéad dul síos, gearánann an t-iarratasóir gur mhainnigh an Coimisiún freagra a thabhairt ar an iarraidh ar fhaisnéis an 1 Aibreán 2022 laistigh den tréimhse fhorordaithe agus gur mhainnigh sé na cúiseanna lena neamhghníomhaíocht a chur in iúl dó, de shárú ar Airteagal 14(3) agus (4) agus Airteagal 17(1) agus (2) de Rialachán 2018/1725 agus ar phrionsabal na trédhearcachta a

leagtar síos in Airteagal 4(1)(a) den Rialachán sin. Thairis sin, níor chomhlíon an Coimisiún Airteagal 17(1)(c) agus (2) de Rialachán 2018/1725, sa mhéid nach bhfuil faisnéis sa ráiteas príobháideachais, atá le feiceáil ar shuíomh gréasáin CTE, a bhaineann le haistriú sonraí pearsanta chuig tríú tíortha agus le haon choimircí iomchuí chun críocha an aistrithe sin, mar a cheanglaítear le hAirteagal 48 den Rialachán sin. Ina theannta sin, i ríomhphost an 3 Nollaig 2021, chuir an Coimisiún faisnéis mhícheart ar fáil, a mhéid a dhiúltaigh sé sonraí pearsanta an iarratasóra a aistriú chuig faighteoirí atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe.

61 Ina dhiaidh sin, áitíonn an t-iarratasóir gur chuir neamhghníomh éagórach an Choimisiúin cosc air faireachán a dhéanamh ar phróiseáil a shonraí pearsanta, arb ionann é agus damáiste neamhábhartha de réir bhrí aithris 46 de Rialachán 2018/1725. Ar deireadh, maíonn sé gurb é iompar éagórach an Choimisiúin is cúis go díreach le damáiste neamhábhartha, a mheasann sé a bheith cothrom le EUR 800.

62 Cuireann an Coimisiún i gcoinne na n-argóintí sin, ag maíomh, go bunúsach, nach gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha maidir le dliteanas neamhchonarthach a thabhú sa chás seo.

63 Ar an gcéad dul síos, maidir leis an gcoinníoll a bhaineann le neamhdhleathacht an iompair a ndéantar gearán ina leith, is gá a fháil amach ar mhaígh an t-iarratasóir sárú ar rialacha dlí atá beartaithe cearta a thabhairt do dhaoine aonair.

64 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go mbunaítear le hAirteagal 17(1)(c) de Rialachán 2018/1725 ceart rochtana an ábhair sonraí ar fhaisnéis a bhaineann leis na faighteoirí ar nochtadh a shonraí pearsanta dóibh, go háirithe faighteoirí atá bunaithe i dtríú tíortha. Dá bhrí sin, tugtar léiriú nithiúil san fhoráil sin ar an bprionsabal, atá cumhdaithe in Airteagal 4(1)(a) de Rialachán 2018/1725, nach mór rochtain éasca a bheith ar aon fhaisnéis agus ar aon chumarsáid a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta.

65 Ina theannta sin, leagtar síos in Airteagal 14(3) de Rialachán 2018/1725 sprioc-am aon mhí amháin don rialaitheoir sonraí pearsanta chun freagra a thabhairt ar iarrataí ar fhaisnéis. Thairis sin, ceanglaítear le hAirteagal 14(4) den Rialachán sin ar rialaitheoir sonraí pearsanta, i gcás ina gcinneann sé gan an iarraidh a chomhlíonadh, an t-iarratasóir a chur ar an eolas, laistigh de mhí amháin, faoi na cúiseanna lena neamhghníomhaíocht agus faoin bhféidearthacht gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) agus leigheas breithiúnach a lorg. Dá bhrí sin, is rialacha nós imeachta riaracháin iad na forálacha sin a rannchuidíonn le cur chun feidhme an chirt rochtana ar fhaisnéis maidir le sonraí pearsanta an ábhair sonraí, trí léiriú nithiúil a thabhairt agus é a mhodhnú. Thairis sin, rannchuidíonn na forálacha sin le cur chun feidhme an chirt atá ag gach duine, faoi Airteagal 41 den Chairt, go ndéanfaidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais a chás a láimhseáil laistigh de thréimhse réasúnta.

66 Dá bhrí sin, is ionann forálacha Airteagal 4(1)(a), Airteagal 14(3) agus (4) agus Airteagal 17(1)(c) de Rialachán 2018/1725, arna léamh le chéile, agus rialacha dlí atá beartaithe chun cearta a thabhairt do dhaoine aonair, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 50 thuas.

67 Ina dhiaidh sin, is gá scrúdú a dhéanamh ar cé acu a shuitear nó nach suitear sa chás seo go ndearna an Coimisiún sárú ar na forálacha sin.

68 Ar thaobh amháin, áitíonn an t-iarratasóir gur sháraigh an Coimisiún Airteagal 17(1)(c) agus (2) de Rialachán 2018/1725, sa mhéid nach bhfuil faisnéis sa ráiteas príobháideachais ar shuíomh gréasáin CTE maidir le haistriú sonraí pearsanta chuig faighteoirí atá bunaithe i dtríú tíortha, maidir le haon coimircí iomchuí a bhaineann leis an aistriú sin, nó maidir leis na conraitheoirí a shainaithint mar fhaighteoirí na sonraí sin.

69 Mar a luaitear i mír 64 thuas, foráiltear le hAirteagal 17(1)(c) agus (2) de Rialachán 2018/1725 go bhfuil sé de cheart ag an ábhar sonraí, *inter alia*, faisnéis a fháil faoi fhaighteoirí atá bunaithe i dtríú tíortha, ar nochtadh na sonraí pearsanta dóibh, agus faoi na coimircí iomchuí a bhaineann le haistrithe sonraí chuig na faighteoirí sin.

70 Dá bhrí sin, bunaítear leis na forálacha sin ceart an ábhair sonraí rochtain a fháil ar fhaisnéis áirithe, ach ní fhoráiltear leo nach mór an fhaisnéis sin a bheith le feiceáil ar dhoiciméad ar leith, nó fiú ar ráiteas príobháideachais, amhail an ráiteas ar shuíomh gréasáin CTE. I bhfocail eile, ní leanann sé ó na forálacha sin nach mór an fhaisnéis atá i gceist a nochtadh trí bhíthin an ráitis sin. É sin ráite, coimeádann an t-iarratasóir, mar aon le haon duine lena mbaineann, an ceart faisnéis den sórt sin a fháil trína cheart rochtana ar fhaisnéis a fheidhmiú, a leagtar síos in Airteagal 17(1)(c) agus (2) de Rialachán 2018/1725, ceist a théann thar raon feidhme na neamhdhleathachta a líomhnaíonn an t-iarratasóir i gcoinne an Choimisiúin, atá teoranta d'inneachar an ráitis príobháideachais. (féach mír 68 thuas).

71 In aon chás, sa chás seo, is léir ó fhoclaíocht an ráitis príobháideachais sin, atá i gceangal leis an iarratas, go bhfuil faisnéis ann maidir leis na faighteoirí nó na catagóirí faighteoirí ar nochtadh na sonraí pearsanta dóibh nó a nochtfar na sonraí pearsanta dóibh. Dá bhrí sin, luaitear, go háirithe, i mír 7 den ráiteas sin go dtugtar rochtain ar na sonraí 'd'fhoireann údaraithe an [Choimisiúin] agus dá chonraitheoirí atá freagrach as an oibríocht phróiseála i dtrácht a chur i gcrích, i gcomhréir leis an bprionsabal "ar bhonn riachtanais eolais"'. Ina theannta sin, tá argóint an iarratasóra nach bhfuil faisnéis sa ráiteas sin maidir le haistriú sonraí pearsanta chuig faighteoirí atá bunaithe i dtríú tíortha bunaithe ar an toimhde go bhfuil aistriú sonraí pearsanta úsáideoirí chuig tríú tír i gceist le cuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin CTE. Mar sin féin, tá an t-iarratas seo ar dhamáistí bunaithe ar shárú ar an gceart chun rochtain a fháil ar fhaisnéis agus ní ar shárú ar na forálacha a bhaineann le haistriú sonraí pearsanta chuig tríú tíortha atá, thairis sin, mar bhonn leis an dara iarratas ar dhamáistí.

72 Dá réir sin, níor léiríodh sa chás seo gur sháraigh an Coimisiún Airteagal 17(1)(c) agus (2) de Rialachán 2018/1725 maidir leis an ráiteas príobháideachais ar shuíomh gréasáin CTE.

73 Ar an taobh eile, gearánann an t-iarratasóir gur mhainnigh an Coimisiún freagra a thabhairt ar an iarraidh ar fhaisnéis an 1 Aibreán 2022 laistigh den tréimhse fhorordaithe agus gur mhainnigh sé na cúiseanna lena neamhghníomhaíocht a chur in iúl dó, de shárú ar Airteagal 14(3) agus (4) agus Airteagal 17(1) agus (2) de Rialachán 2018/1725 agus ar phrionsabal na trédhearcachta. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún faisnéis mhícheart ar fáil don iarratasóir sa ríomhphost an 3 Nollaig 2021.

74 Ba cheart a thabhairt faoi deara ag an tús nach gcuireann an t-iarratasóir aon argóint shonrach chun cinn chun tacú le sárú ar phrionsabal na trédhearcachta. Dá bhrí sin, níl aon ábhar neamhspleách san argóint sin i ndáil leis an ngearán lena n-éilítear neamhchomhlíonadh na teorann ama chun freagra a thabhairt ar an iarraidh ar fhaisnéis agus an oibleagáid na cúiseanna leis an teorainn ama sin a shárú a chur in iúl.

75 Ina theannta sin, tá argóintí an iarratasóra lena n-éilítear sárú ar Airteagal 17(1) agus (2) de Rialachán 2018/1725 agus gur thug an Coimisiún faisnéis mhícheart dó sa ríomhphost an 3 Nollaig 2021 bunaithe ar an toimhde go mbaineann aistriú sonraí pearsanta úsáideoirí chuig tríú tír le cuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin CTE. Mar sin féin, tá an t-iarratas seo ar dhamáistí bunaithe ar shárú ar an gceart chun rochtain a fháil ar fhaisnéis agus ní ar shárú ar na forálacha a bhaineann le haistriú sonraí pearsanta chuig tríú tíortha atá, thairis sin, mar bhonn leis an dara iarratas ar dhamáistí.

76 Dá réir sin, níor léiríodh sa chás seo gur sháraigh an Coimisiún Airteagal 17(1) agus (2) de Rialachán 2018/1725.

77 Maidir le gearán an iarratasóra lena n-éilítear sárú ar Airteagal 14(3) agus (4) de Rialachán 2018/1725, is léir ón gcomhad gur thug an Coimisiún freagra ar an iarraidh ar fhaisnéis an 9 Samhain 2021 laistigh den tréimhse míosa a leagtar síos in Airteagal 14(3) de Rialachán 2018/1725 (féach míreanna 5 agus 7 thuas). A mhéid a bhaineann leis an iarraidh ar fhaisnéis an 1 Aibreán 2022, chuir an Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas, trí ríomhphost an 30 Meitheamh 2022, gur mheas sé go raibh an iarraidh ar fhaisnéis an 1 Aibreán 2022 beagnach comhionann leis an iarraidh ar fhaisnéis an 9 Samhain 2021 agus gur thug sé freagra ar an iarraidh sin cheana féin trína ríomhphost an 3 Nollaig 2021 (féach mír 11 thuas).

78 Dá bhrí sin, maidir leis an iarraidh ar fhaisnéis an 1 Aibreán 2022, níor chomhlíon an Coimisiún an teorainn ama d'aon mhí amháin a leagtar síos in Airteagal 14(4) de Rialachán 2018/1725 (féach mír 65 thuas).

79 Leanann sé ó mhíreanna 68 go 78 thuas gurb é an t-aon neamhdhleathacht a líomhnaítear i gcoinne an Choimisiúin a shuitear sa chás seo ná neamhchomhlíonadh na teorann ama a leagtar síos in Airteagal 14(4) de Rialachán 2018/1725.

80 Sna himthosca sin, agus gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil neamhchomhlíonadh an Choimisiúin maidir leis an teorainn ama sin ina shárú atá tromchúiseach go leor ar riail dlí, is gá scrúdú a dhéanamh ag an tús an raibh neamhchomhlíonadh na teorann ama sin ina chúis le damáiste iarbhír, neamhábhartha agus áirithe don iarratasóir, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 54 thuas.

81 Maidir le fírinne an damáiste neamhábhartha a líomhnaítear a fulaingíodh, ba cheart a mheabhrú, cé nach gá go measfaí gur coinníoll chun damáiste neamhábhartha a aithint é fianaise a chur isteach, gur faoin iarratasóir atá sé, ar a laghad, a shuíomh go raibh an t-iompar a chuirtear an institiúid lena mbaineann ina leith de chineál a d'fhágfadh go ndéanfaí damáiste den sórt sin di (breithiúnas an 16 Iúil 2009, *SELEX Sistemi Integrati* v *an Coimisiún*, C-481/07 P, nár foilsíodh, EU:C:2009:461, mír 38; féach, freisin, breithiúnas an 2 Iúil 2019, *Fulmen* v *an Chomhairle*, T-405/15, EU:T:2019:469, mír 188 agus an cásdlí dá dtagraítear).

82 Sa chás seo, iarrann an t-iarratasóir cúiteamh EUR 800 as damáiste neamhábhartha, ag líomhain gur chuir an t-iompar a chuirtear Coimisiúin ina leith cosc air faireachán a dhéanamh ar phróiseáil a shonraí pearsanta.

83 Ní mór a lua, áfach, nár léiríodh damáiste neamhábhartha den sórt sin sa chás seo. Is é an t-aon neamhdhleathacht a suíodh sa chás seo ná neamhchomhlíonadh an Choimisiúin maidir leis an tréimhse míosa a leagtar síos in Airteagal 14(4) de Rialachán 2018/1725 (féach mír 79 thuas). Mar sin féin, níor mhair an tréimhse sin níos faide ná dhá mhí (féach mír 77 thuas). Thairis sin, bhí

iarrataí ar fhaisnéis an 9 Samhain 2021 agus an 1 Aibreán 2022 mar an gcéanna go bunúsach (féach míreanna 5 agus 8 thuas), ionas go bhfuair an t-iarratasóir freagra cheana féin ar chuid dá iarraidh ar fhaisnéis ar a laghad an 3 Nollaig 2021, an dáta ar thug an Coimisiún freagra ar an iarraidh ar fhaisnéis an 9 Samhain 2021 (féach mír 7 thuas).

84 Thairis sin, baineann argóint an iarratasóra lena n-éilítear nochtadh mícheart faisnéise (féach mír 75 thuas) le tuillteanais na faisnéise agus maidir le neamhchomhlíonadh na rialach nós imeachta ar suíodh a sárú i mír 78 thuas agus, dá bhrí sin, nach mbaineann sé le hábhar chun an damáiste neamhábhartha a líomhnaítear a léiriú.

85 Dá bhrí sin, níor léiríodh go raibh neamhchomhlíonadh an Choimisiúin maidir leis an teorainn ama a leagtar síos in Airteagal 14(4) de Rialachán 2018/1725 ina chúis leis an damáiste neamhábhartha líomhnaithe don iarratasóir.

86 Dá bhrí sin, ós rud é nach gcomhlíontar ceann de na coinníollacha carnacha don Aontas Eorpach chun dliteanas neamhchonarthach a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 340 CFAE a thabhú, ní mór céad iarratas an iarratasóra ar dhamáistí a dhíbhe.

An dara hiarratas ar dhamáistí as damáiste neamhábhartha a eascraíonn as na haistrithe atá faoi dhíospóid

87 Lena dhara hiarratas ar dhamáistí, iarrann an t-iarratasóir go n-íocfar EUR 400 mar chúiteamh as an damáiste neamhábhartha a mhaíonn sé a d'fhulaing sé mar thoradh ar na haistrithe atá faoi dhíospóid dá dtagraítear i míreanna 26 go 28 den thuas, eadhon an t-aistriú atá faoi dhíospóid le linn na cuairte arna tabhairt ar shuíomh gréasáin CTE an 30 Márta 2022, an t-aistriú atá faoi dhíospóid le linn an naisc le EU Login an 30 Márta 2022 agus an t-aistriú atá faoi dhíospóid le linn na gcuairteanna arna dtabhairt ar shuíomh gréasáin CTE an 8 Meitheamh 2022.

88 Áitíonn an t-iarratasóir, go bunúsach, gur tharla na haistrithe atá faoi dhíospóid chuig faighteoirí atá bunaithe sna Stáit Aontaithe, tír nach bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta aici. Níor thagair an Coimisiún d'aon cheann de na coimircí iomchuí a d'fhéadfadh bonn cirt a thabhairt leis na haistrithe sin, dá bhforáiltear i gCaibidil V de Rialachán 2018/1725, agus dá bhrí sin sháraigh sé Airteagal 46 agus Airteagal 48(1) agus (2)(b) den Rialachán sin agus Airteagail 7, 8 agus 47 den Chairt. Mar thoradh ar na haistrithe atá faoi dhíospóid, bhí baol ann go mbeadh rochtain ag seirbhísí slándála agus faisnéise na tíre sin ar shonraí an iarratasóra agus, dá bhrí sin, rinneadh damáiste neamhábhartha dó, de réir bhrí aithris 46 de Rialachán 2018/1725, sa mhéid go ndearna a chearta agus a shaoirsí a cheilt air agus gur cuireadh cosc air rialú a dhéanamh ar fheidhmiú ar a chuid sonraí.

89 Cuireann an Coimisiún i gcoinne na n-argóintí sin, ag maíomh, go bunúsach, nach gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha maidir le dliteanas neamhchonarthach a thabhú sa chás seo.

– *Réamhbhreithnithe ar na forálacha a bhaineann le haistriú sonraí pearsanta chuig tríú tír*

90 Ar an gcéad dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara, faoi Airteagal 2(5) de Rialachán 2018/1725, beidh feidhm ag an Rialachán sin maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil go hiomlán nó go páirteach trí mhodhanna uathoibrithe, agus maidir le sonraí pearsanta, ar cuid de chóras comhdúcháin iad nó atá beartaithe a bheith ina gcuid de chóras comhdúcháin, a phróiseáil trí mhodhanna eile seachas modhanna uathoibrithe.

91 Ar an dara dul síos, ní mór an coincheap ‘sonraí pearsanta’ a léiriú mar choincheap a chomhfhreagraíonn d’aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta, i gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialachán 2018/1725.

92 Ar an tríú dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara gurb ionann aistriú sonraí agus oibríocht ‘próiseála’ sonraí de réir bhrí Airteagal 3(3) de Rialachán 2018/1725.

93 Ar an gceathrú dul síos, ní mór a thabhairt faoi deara go rialaítear ‘aistrithe sonraí pearsanta go tríú tíortha nó go heagraíochtaí idirnáisiúnta’ le Caibidil V de Rialachán 2018/1725, nach sainmhínítear iad, áfach.

94 Mar sin féin, is léir ó aithris 63 de Rialachán 2018/1725 go mbaineann na haistrithe a chumhdaítear le forálacha Chaibidil V den Rialachán sin le sonraí pearsanta a aistrítear ó institiúidí agus ó chomhlachtaí an Aontais chuig rialaitheoirí, próiseálaithe nó faighteoirí eile i dtríú tíortha nó in eagraíochtaí idirnáisiúnta.

95 Thairis sin, leanann sé ó léiriú córasach ar Rialachán 2018/1725 go gceanglaítear le haistriú sonraí pearsanta go tríú tíortha, de réir bhrí Airteagal 46 de, ar an gcéad dul síos, gur le hinstitiúid nó comhlacht de chuid an Aontais rialaitheoir na sonraí atá i gceist agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé faoi réir an Rialacháin sin (Airteagal 1 de Rialachán 2018/1725); ar an dara dul síos, go gcuireann an rialaitheoir sonraí pearsanta ar fáil, trí tharchur nó ar bhealach eile, d’fhaighteoir, go háirithe do dhuine nádúrtha nó dlítheanach eile (Airteagal 3(3) agus (13) de Rialachán 2018/1725) agus, ar an tríú dul síos, go bhfuil an faighteoir bunaithe i dtríú tír (Airteagal 46 de Rialachán 2018/1725), is é sin le rá, tír nach ball den Aontas Eorpach ná den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) í.

96 Ar an gcúigiú dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara go mbeartaítear le forálacha Chaibidil V de Rialachán 2018/1725, nuair a aistrítear sonraí pearsanta go tríú tíortha nó go heagraíochtaí idirnáisiúnta, an leibhéal cosanta do dhaoine nádúrtha a áirithítear san Aontas Eorpach a ráthú, i gcomhréir leis an gcuspóir a leagtar amach in aithris 63 de.

97 Ar an séú dul síos, leagtar síos le hAirteagal 46 de Rialachán 2018/1725 prionsabal ginearálta nach bhféadfar sonraí pearsanta a aistriú go tríú tír nó go heagraíocht idirnáisiúnta ach amháin má chomhlíonann an rialaitheoir agus an próiseálaí, faoi réir fhorálacha eile an Rialacháin sin, na coinníollacha a leagtar síos i gCaibidil V de.

98 Ar an seachtú dul síos, maidir leis na coinníollacha a leagtar síos i gCaibidil V de Rialachán 2018/1725, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhforáiltear le hAirteagal 47(1) den Rialachán sin go bhféadfar sonraí pearsanta a aistriú go tríú tír nó go heagraíocht idirnáisiúnta i gcás inar chinn an Coimisiún, trí bhíthin cinneadh leordhóthanachta arna ghlacadh, *inter alia*, de bhun Airteagal 45(3) de Rialachán 2016/679, go n-áirithíonn an tír nó an eagraíocht idirnáisiúnta atá i gceist leibhéal leordhóthanach cosanta agus go ndéantar aistriú sonraí pearsanta go heisiach chun comhlíonadh cúraimí a thagann faoi inniúlacht an rialaitheora a chumasú.

99 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú gur dearbhaíodh an dá chinneadh leordhóthanachta ón gCoimisiún maidir leis na Stáit Aontaithe a bheith neamhbhailí. Ar thaobh amháin, le breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2015, *Schrems* (C-362/14, EU:C:2015:650), dhearbhaigh an Chúirt go raibh Cinneadh 2000/520/CE ón gCoimisiún an 26 Iúil 2000, i gcomhréir le Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hábharthacht na cosanta a sholáthraítear leis na prionsabail phríobháideachais maidir le cuain shábháilte agus le ceisteanna coitianta gaolmhara arna n-eisiúint ag Roinn Tráchtála SAM (IO 2000 L 215, lch. 7),

neamhbhailí. Ar an dara dul síos, leis an mbreithiúnas in *Schrems II*, dhearbhaigh an Chúirt go raibh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1250 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2016, i gcomhréir le Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le leordhóthanacht na cosanta a sholáthraítear le Sciath Phríobháideachais AE-SAM (IO 2016 L 207, lch. 1), neamhbhailí.

100 Dá bhrí sin, ar dháta na n-aistrithe atá faoi dhíospóid, ní raibh aon chinneadh leordhóthanachta ann, de réir bhrí Airteagal 47 de Rialachán 2018/1725, maidir leis na Stáit Aontaithe.

101 In éagmais cinneadh leordhóthanachta ón gCoimisiún maidir leis na Stáit Aontaithe, tá feidhm ag Airteagal 48(1) de Rialachán 2018/1725, ar dá réir nach bhféadfar sonraí pearsanta a aistriú go tríú tír nó go heagraíocht idirnáisiúnta ach amháin má tá foráil déanta ag an rialaitheoir nó ag an bpróiseálaí maidir le coimircí iomchuí agus ar choinníoll go bhfuil cearta in-fhorfheidhmithe agus leigheasanna éifeachtacha dlí ag na hábhair sonraí.

102 Féadfar na coimircí iomchuí dá dtagraítear in Airteagal 48(1) de Rialachán 2018/1725, a liostaítear in Airteagal 48(2) agus (3) den Rialachán sin, a sholáthar, *inter alia*, trí chlásail chaighdeánacha maidir le cosaint sonraí arna nglacadh ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 48(2)(b) den Rialachán sin.

103 Mar sin féin, d'fhéadfadh sé gur ghá bearta breise a ghlacadh sna clásail chaighdeánacha maidir le cosaint sonraí dá bhforáiltear in Airteagal 48(2)(b) de Rialachán 2018/1725 chun a áirithiú go gcomhlíonfar an leibhéal cosanta iomchuí, i bhfianaise dhlí an Aontais (féach, de réir analaí, an breithiúnas in *Schrems II*, míreanna 133 agus 134).

104 Ina theannta sin, féadfar na coimircí iomchuí dá dtagraítear in Airteagal 48(1) de Rialachán 2018/1725 a sholáthar, *inter alia*, trí chlásail chonarthacha, dá bhforáiltear in Airteagal 48(3)(a) den Rialachán sin, arna dtabhairt i gcrích idir, ar thaobh amháin, an rialaitheoir nó an próiseálaí agus, ar an taobh eile, rialaitheoir, próiseálaí nó faighteoir na sonraí pearsanta sa tríú tír, faoi réir údarú MECS.

105 Thairis sin, ba cheart a mheabhrú go mbunaítear le hAirteagail 7, 8 agus 47 den Chairt, faoi seach, an ceart go ndéanfar an saol príobháideach a urramú, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint agus an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil.

106 Sa chás seo, ba cheart a thabhairt faoi deara ag an tús go bhfuil dara hiarratas an iarratasóra ar dhamáistí bunaithe ar shárú a rinne an Coimisiún ar Airteagal 46 agus Airteagal 48(1) agus (2)(b) de Rialachán 2018/1725 agus ar Airteagail 7, 8 agus 47 den Chairt. Leanann sé ó mhíreanna 91 go 105 thuas go dtugtar léiriú nithiúil sna forálacha sin de Rialachán 2018/1725 ar chearta bunúsacha, amhail na cearta sin a leagtar síos in Airteagail 7 agus 8 den Chairt, agus go bhfuil siad beartaithe, ina n-iomláine, chun leanúnachas an ardleibhéil cosanta do shonraí pearsanta a áirithiú i gcás aistriú na sonraí sin go tríú tíortha nó go heagraíochtaí idirnáisiúnta.

107 Dá bhrí sin, tá na forálacha a bhfuil an t-iarratasóir ag brath ar a sárú mar thaca lena dhara hiarratas ar dhamáistí beartaithe chun leas aonair na ndaoine lena mbaineann a chosaint agus, dá bhrí sin, is rialacha dlí iad atá beartaithe chun cearta a thabhairt do dhaoine aonair, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 50 thuas.

108 Is gá anois a fháil amach an bhfuil na coinníollacha don Choimisiún chun dliteanas neamhchonarthach a thabhú á gcomhlíonadh i ndáil le gach ceann de na trí aistriú atá faoi dhíospóid dá dtagraítear i mír 87 thuas.

109 Ós rud é gur tharla na haistrithe atá faoi dhíospóid dá dtagraítear i míreanna 26 agus 28 thuas mar gheall ar an úsáid a bhain suíomh gréasáin CTE as an líonra seachadta inneachair nó as 'LSI' ('content delivery network' nó 'CDN' i mBéarla) ar a dtugtar Amazon CloudFront ('seirbhís Amazon CloudFront'), is gá, ar an gcéad dul síos, na coinníollacha a chuardach maidir le hoibriú na seirbhíse sin i gcomhthéacs an tsuímh gréasáin sin.

– *Feidhmiú sheirbhís Amazon CloudFront i gcomhthéacs shuíomh gréasáin CTE*

110 Sa chás seo, is comhthuiscint é go n-úsáideann suíomh gréasáin CTE líonra seachadta inneachair Amazon CloudFront agus go ngníomhaíonn úsáideoir an líonra sin le linn gach cuairte arna dtabhairt ar an suíomh gréasáin sin.

111 Is léir ón gcomhad, go háirithe ó fhreagraí na bpáirtithe ar bheart eagrúcháin nós imeachta an 21 Iúil 2023 agus óna bpléadálacha ó bhéal agus óna bhfreagraí ag éisteacht an 17 Deireadh Fómhair 2023, gur seirbhís idirlín í seirbhís Amazon CloudFront, ar an gcéad dul síos, a chuireann dlús le dáileadh inneachair idirlín, sa chás seo inneachar shuíomh gréasáin CTE, ar úsáideoirí. Craolann seirbhís Amazon CloudFront inneachar trí líonra domhanda freastalaithe nó lárionad sonraí ar a dtugtar 'suíomhanna imeallacha' nó 'freastalaithe imeallacha'.

112 Ar an dara dul síos, tá seirbhís Amazon CloudFront bunaithe ar shásra ródaithe lena dtreoraítear iarraidh úsáideora ó shuíomh gréasáin CTE chuig an bhfreastalaí imeallach lena soláthraítear an tréimhse aga folaigh is ísle, de réir phrionsabal na gaireachta do theirminéal an úsáideora, ionas go ndéanfar an t-inneachar a tharchur chuig an úsáideoir faoi na coinníollacha is fearr is féidir. Más rud é, go háirithe i ngeall ar dheacrachtaí teicniúla, nach bhfuil an freastalaí imeallach ag a bhfuil an t-aga folaigh is ísle ar fáil, bunófar an nasc leis an bhfreastalaí ag a bhfuil an dara haga folaigh is ísle agus mar sin de.

113 Ar an tríú dul síos, úsáidtear an tseirbhís Amazon CloudFront le haghaidh shuíomh gréasáin CTE ar bhonn chonradh Uimh. 2020-1742, arna shíniú idir an Coimisiún agus AWS EMEA, ar foghnóthas é AWS EMEA den ghnóthas atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, Amazon.com, agus a bhfuil a oifig chláraithe i Lucsamburg (féach mír 12 thuas).

114 Ar an gceathrú dul síos, i gcomhthéacs an chonartha sin, roghnaigh an Coimisiún, maidir le suíomh gréasáin CTE, an limistéar geografach ar a dtugtar 'Meiriceá Thuaidh (na Stáit Aontaithe, Meicsiceo, Ceanada), an Eoraip agus Iosrael'. Ciallaíonn sé sin nach scaiptear inneachar an tsuímh gréasáin sin trí líonra domhanda shuíomhanna imeallacha Amazon CloudFront, ach trí na suíomhanna sin atá lonnaithe sna limistéir gheografacha thuasluaite amháin, eadhon na Stáit Aontaithe, Meicsiceo, Ceanada, an Eoraip agus Iosrael.

115 Ar an gcúigiú dul síos, mar gheall ar phrionsabal na gaireachta dá dtagraítear i mír 112 thuas, is iondúil go dtreoraítear iarrataí ó úsáideoirí an Aontais chun cuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin CTE chuig freastalaithe imeallach líonra Amazon CloudFront atá lonnaithe sa chríoch sin, cé gur annamh a dhírítear na hiarrataí sin chuig freastalaithe lasmuigh den Aontas Eorpach.

116 Ar an séú dul síos, maidir le bonneagar líonra shuíomhanna imeallacha Amazon CloudFront, is léir ón gcomhad gur grúpa gnóthas a sholáthraíonn é, ar le grúpa Amazon cuid acu agus ar gnóthais tríú páirtí cuid eile acu, ar féidir an liosta díobh a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Amazon Web Services, ag brath ar an limistéar geografach lena mbaineann. A mhéid a bhaineann leis an limistéar geografach ar a dtugtar 'Meiriceá Thuaidh (na Stáit Aontaithe, Meicsiceo, Ceanada), an Eoraip agus Iosrael', bunaítear na gnóthais lena mbaineann i mBallstáit an Aontais agus lasmuigh den Aontas araon, go háirithe sna Stáit Aontaithe, in Iosrael, i Meicsiceo, san Eilvéis nó sa Ríocht Aontaithe. Oibríonn gach gnóthas freastalaithe sa tír ina bhfuil sé bunaithe agus, dá bhrí sin, braitheann suíomh geografach na bhfreastalaithe a bhfuil baint acu le soláthar sheirbhís Amazon CloudFront freisin ar shuíomh na ngnóthas lena mbaineann.

117 Ar an seachtú dul síos, foráiltear mar a leanas, *inter alia*, le téarmaí an chonartha idir an Coimisiún agus AWS EMEA:

– Ní mór do AWS EMEA a bheith in ann a áirithiú go bhfanfaidh na sonraí réchasta agus faoi bhealach tríd an LEE (Roinn 11.2 den chonradh);

– Ní cheadaítear do AWS EMEA suíomh na próiseála sonraí a athrú gan údarú a fháil roimh ré ón gCoimisiún (Alt 12.2.3(a) den chonradh);

– Ní mór d'aon aistriú sonraí pearsanta faoin gconradh go tríú tíortha nó go heagraíochtaí idirnáisiúnta na ceanglais a leagtar amach i gCaibidil V de Rialachán 2018/1725 (Roinn 12.2.3(b) den chonradh) a chomhlíonadh go hiomlán;

– Ní fhéadfaidh AWS EMEA aon sonraí pearsanta a aistriú go tír lasmuigh de LEE, mura bhfuil údarú i scríbhinn tugtha ag an gCoimisiún roimh ré don aistriú sin agus go ndéantar an t-aistriú i gcomhréir le coinníollacha Chaibidil V (Alt 1.8.9 den Chonradh);

– Ní mór do AWS EMEA aon iarraidh ar rochtain ar shonraí pearsanta a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún agus ní mór dó gach leigheas atá ar fáil a úsáid i gcoinne na n-iarrataí sin (Ailt 1.8.3, 1.8.4 agus 1.8.5 den chonradh);

– Ní mór do AWS EMEA a chinntiú go gcuirtear na bearta seo i bhfeidhm freisin má úsáidtear fochonraitheoirí (Alt 1.8.8 den chonradh).

118 Ar an ochtú dul síos, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le MECS maidir leis na clásail chonarthacha thuasluaite, ach ní raibh siad údaraithe go foirmiúil ag MECS faoi Airteagal 48(3)(a) de Rialachán 2018/1725.

– Aistriú atá faoi dhíospóid le linn na cuairte arna tabhairt ar shuíomh gréasáin CTE an 30 Márta 2022

119 Áitíonn an t-iarratasóir, go bunúsach, le linn na cuairte arna tabhairt ar shuíomh gréasáin CTE an 30 Márta 2022, gur chinn sé gur aistríodh sonraí pearsanta áirithe a bhaineann leis, go háirithe a sheoladh IP agus faisnéis ar a bhrabhsálaí agus a theirminéal, chuig na Stáit Aontaithe. Ar an gcéad dul síos, úsáideann an suíomh gréasáin sin líonra seachadta inneachair ar a dtugtar 'Amazon CloudFront', arb é Amazon Web Services a oibreoir, gnóthas Meiriceánach ar foghnóthas é gnóthas Meiriceánach Amazon.com. Ar an dara dul síos, le linn na cuairte sin, seoladh sonraí pearsanta an iarratasóra chuig an tseirbhís Amazon CloudFront, go sonrach chuig freastalaí Amazon.com, a bunaíodh in Seattle (Washington, na Stáit Aontaithe), arb é 18.66.192.74

a sheoladh IP. Ar an tríú dul síos, chuir Amazon an eochair shlándála a úsáideann suíomh gréasáin CTE ('deimhniú SSL') ar fáil, agus is é sin an fáth ar cheart glacadh leis go bhféadfadh Amazon sonraí pearsanta uile an iarratasóra a aistrítear chuig a fhreastalaithe a dhíchriptiú, lena n-áirítear a thuairimí maidir le todhchaí na hEorpa. Ar an gceathrú dul síos, tá an gnóthas a sholáthraíonn an tseirbhís Amazon CloudFront faoi réir dhlíthe Mheiriceánacha agus, dá bhrí sin, tá sé d'oibleagáid air faisnéis a sholáthar do sheirbhísí slándála agus faireachais na Stát Aontaithe, fiú má tá na freastalaithe lonnaithe lasmuigh den tír sin. Thairis sin, níor ghlac an Coimisiún 'bearta breise', de réir bhrí an bhreithiúnais in *Schrems II*, chun leibhéal leordhóthanach cosanta a áirithiú do na sonraí a aistríodh chuig na Stáit Aontaithe.

120 Chuir an Coimisiún i gcoinne na n-argóintí sin.

121 A mhéid a bhaineann leis an gcuairt arna tabhairt ar shuíomh gréasáin CTE an 30 Márta 2022, is léir ón gcomhad gur thug an t-iarratasóir cuairt ar an suíomh gréasáin sin ar an dáta sin (féach mír 3 thuas) agus, le linn na cuairte sin, gur tarchuireadh a sheoladh IP agus faisnéis ar a bhrabhsálaí agus a theirminéal.

122 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach mór an seoladh IP a aicmiú mar shonraí pearsanta, de réir bhrí Airteagal 3(1) de Rialachán 2018/1725, ós rud é go gcomhlíonann sé an dá choinníoll a leagtar síos ann. Ar thaobh amháin, baineann an fhaisnéis sin le duine nádúrtha agus, ar an taobh eile, baineann sí le duine sainaitheanta nó in-sainaitheanta, sa chás seo an t-iarratasóir (breithiúnas an 26 Aibreán 2023, *BRA* v *MECS*, T-557/20, faoi achomharc, EU:T:2023:219, mír 59; féach freisin, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnais an 24 Samhain 2011, *Scarlet Extended*, C-70/10, EU:C:2011:771, mír 51, agus an 19 Deireadh Fómhair 2016, *Breyer*, C-582/14, EU:C:2016:779, mír 49). Freagraíonn fiú na seoltaí IP 'dinimiciúla', mar a thugtar orthu, atá inathraithe de réir a gcineáil, d'fhéiniúlacht bheacht tráth ar leith, atá, sa chás seo, ag teacht leis an am a tugadh cuairt ar shuíomh gréasáin CTE.

123 Léirítear freisin gur sheol suíomh gréasáin CTE an t-aistriú sonraí dá dtagraítear i mír 121 thuas, tríd an tseirbhís Amazon CloudFront, chuig freastalaí ag a bhfuil seoladh IP 18.66.192.74.

124 Léirítear freisin gur sannadh seoladh IP 18.66.192.74 do fhreastalaí atá lonnaithe in München (an Ghearmáin) ag an am ábhartha agus gur leis an ngnóthas A 100 ROW GmbH, a bunaíodh sa Ghearmáin agus a bhí mar chuid de liosta na ngnóthas dá dtagraítear i mír 116 thuas, an freastalaí sin.

125 Dá bhrí sin, le linn na cuairte arna tabhairt ar shuíomh gréasáin CTE an 30 Márta 2022, rinneadh sonraí pearsanta an iarratasóra, go háirithe a sheoladh IP, a aistriú, de réir bhrí Airteagal 3(1) de Rialachán 2018/1725.

126 Mar sin féin, níor léiríodh sa chás seo, le linn na cuairte arna tabhairt ar shuíomh gréasáin CTE an 30 Márta 2022, gur aistríodh sonraí pearsanta an iarratasóra chuig tríú tír agus, go háirithe, chuig na Stáit Aontaithe.

127 Os a choinne sin, leanann sé ó mhíreanna 121 go 124 thuas, le linn na cuairte arna tabhairt ar shuíomh gréasáin CTE an 30 Márta 2022, gur seoladh aistriú shonraí pearsanta an iarratasóra ar shuíomh gréasáin CTE, tríd an tseirbhís Amazon CloudFront, chuig freastalaí atá lonnaithe in München. Bhain an freastalaí sin le gnóthas atá bunaithe sa Ghearmáin, a bhí mar chuid de líonra soláthraithe bhonneagar na seirbhíse Amazon CloudFront, a chuirtear ar fáil don Choimisiún ar bhonn conradh le AWS EMEA, gnóthas atá bunaithe i Lucsamburg.

128 Dá bhrí sin, le linn na cuairte arna tabhairt ar shuíomh gréasáin CTE an 30 Márta 2022, tarchuireadh sonraí pearsanta an iarratasóra chuig faighteoir atá bunaithe san Aontas Eorpach.

129 Ina theannta sin, fiú má ghlactar leis nár fhág sonraí pearsanta an iarratasóra críoch an Aontais, aistríodh na sonraí sin fós chuig freastalaí a bhaineann le líonra suíomhanna imeallacha sheirbhís Amazon CloudFront, lena gcumhdaítear, a mhéid a bhaineann le scaipeadh inneachar shuíomh gréasáin CTE, líonra suíomhanna imeallacha nach bhfuil teoranta do chríoch LEE, ach a théann níos faide ná sin (féach mír 116 thuas).

130 Mar sin féin, leis na himthosca nithiúla a dtugtar tuairisc orthu i mír 127 thuas, ní léirítear gurb ann d'aistriú sonraí pearsanta chuig faighteoirí atá bunaithe lasmuigh de LEE, go háirithe sna Stáit Aontaithe.

131 Dá bhrí sin, ní chomhfhreagraíonn an t-aistriú atá faoi dhíospóid le linn na cuairte arna tabhairt ar shuíomh gréasáin CTE an 30 Márta 2022 d'aistriú sonraí pearsanta chuig tríú tír, de réir bhrí Airteagal 46 de Rialachán 2018/1725, ós rud é go gceanglaítear le coincheap an aistrithe chuig tríú tír go gcuirfear na sonraí pearsanta ar fáil d'fhaighteoir atá bunaithe lasmuigh de LEE (féach mír 93 thuas).

132 Ní thugtar an chonclúid sin faoi cheist le hargóint an iarratasóra go bhfuil oibleagáid ar AWS EMEA, mar fhoghnóthas de ghnóthas Meiriceánach, sonraí pearsanta a tharchur chuig údaráis Mheiriceánacha, fiú nuair a stóráiltear na sonraí sin ar chríoch an Aontais Eorpaigh.

133 Cé gur fíor gurb ionann rochtain ar shonraí pearsanta arna bpróiseáil in LEE ag údaráis tríú tír faoi dhlí na tíre sin agus aistriú sonraí pearsanta chuig tríú tír, de réir bhrí Airteagal 46 de Rialachán 2018/1725, is amhlaidh fós, sa chás seo, nár suíodh gur tharla an rochtain sin. Níor léirigh an t-iarratasóir ná níor líomhain sé go ndearnadh aon sonraí pearsanta a bhaineann leis a tharchur chuig údaráis Mheiriceánacha, ná níor léirigh sé ná níor líomhain sé gurb ann d'iarraidh ó na húdaráis sin maidir leis na sonraí a aistríodh chuig freastalaí Amazon CloudFront, atá lonnaithe in München.

134 Dá réir sin, ní bhaineann argóint an iarratasóra le sárú díreach ar fhorálacha Chaibidil V de Rialachán 2018/1725, ach leis an mbaol go ndéanfaí sárú den sórt sin amháin, i gcás nach bhfuil AWS EMEA, mar gheall ar a stádas mar fhoghnóthas de ghnóthas Meiriceánach, in ann cur i gcoinne iarraidh na n-údarás Meiriceánach maidir le rochtain ar shonraí atá stóráilte ar fhreastalaithe atá lonnaithe i gcríoch LEE.

135 Ní féidir leis an riosca rochtana ar shonraí pearsanta ag tríú tír a bheith ag comhfhreagairt d'aistriú sonraí, de réir bhrí Airteagal 46 de Rialachán 2018/1725, arna léiriú i mír 93 thuas, ós rud é nár léiríodh go ndearnadh sonraí pearsanta an iarratasóra a tharchur nó a chur ar fáil d'fhaighteoir atá bunaithe i dtríú tír ar bhealach eile. Is é sin le rá, ní féidir an baol go sárófar Airteagal 46 a thuiscint mar shárú díreach ar an bhforáil sin.

136 Thairis sin, ba cheart a mheabhrú, i gcomhthéacs an iarratais seo ar dhamáistí, go mbaineann scrúdú na Cúirte Ginearálta le fíorú na gcoinníollacha faoina dtabhóidh an Coimisiún dliteanas neamhchonarthach agus, go háirithe, leis an gcoinníoll a bhaineann le neamhdhleathacht iompar an Choimisiúin, lena gceanglaítear sárú atá tromchúiseach go leor ar fhorálacha Rialachán 2018/1725 agus ar an gCairt ar a bhfuil an t-iarratasóir ag brath.

137 I ndáil leis sin, ní leor, in aon chás, an baol go sárófar forálacha Chaibidil V de Rialachán 2018/1725 chun iompar éagórach an Choimisiúin a shuíomh, a chomhfhreagraíonn do shárú atá tromchúiseach go leor ar na forálacha sin.

138 Ní chaitheann argóint an iarratasóra a eascraíonn ón mbreithiúnas in *Schrems II* amhras ar an gconclúid seo. Ba cheart a thabhairt faoi deara, sa bhreithiúnas sin, gur rialaigh an Chúirt ar chuid de na coinníollacha faoina bhféadfar sonraí pearsanta a aistriú chuig na Stáit Aontaithe agus ní ar na coinníollacha faoina bhféadfaidh foghnóthais de chuid cuideachtaí atá faoi rialú dhlí na Stát Aontaithe, amhail AWS EMEA, sonraí den sórt sin a phróiseáil, ar chríoch LEE.

139 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, maidir leis an aistriú atá faoi dhíospóid le linn na cuairte arna tabhairt ar shuíomh gréasáin CTE an 30 Márta 2022, nár léirigh an t-iarratasóir go ndearna an Coimisiún sárú atá tromchúiseach go leor, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 50 thuas, ar fhorálacha Airteagal 46 agus Airteagal 48(1) agus (2)(b) de Rialachán 2018/1725 agus ar Airteagail 7, 8 agus 47 den Chairt.

140 Dá bhrí sin, ós rud é nach gcomhlíontar ceann de na coinníollacha carnacha chun dliteanas neamhchonarthach an Aontais a thabhú, a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 340 CFAE, ní mór an dara hiarratas ar dhamáistí a dhíbhe maidir leis an aistriú atá faoi dhíospóid le linn na cuairte arna tabhairt ar shuíomh gréasáin CTE an 30 Márta 2022, gan aon ghá a bheith ann scrúdú a dhéanamh ar argóintí eile an iarratasóra.

– Aistriú atá faoi dhíospóid le linn na cuairte arna tabhairt ar shuíomh gréasáin CTE an 8 Meitheamh 2022

141 Áitíonn an t-iarratasóir, le linn na cuairte arna tabhairt ar shuíomh gréasáin CTE an 8 Meitheamh 2022, gur aistríodh a shonraí pearsanta, go háirithe a sheoladh IP, chuig freastalaithe Amazon CloudFront atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe. Dar leis an iarratasóir, ní eascraíonn na haistrithe sin as a ghníomhaíocht mar úsáideoir an tsuímh gréasáin, ach is toradh iad ar oibriú sheirbhís Amazon CloudFront, ar sa chomhthéacs sin atá an baol go n-aistreofar sonraí chuig na Stáit Aontaithe ina chuid dhílis den bhonneagar domhanda ar a bhfuil an tseirbhís sin bunaithe. Ní hionann cás an iarratasóra agus cás saoránaigh den Aontas a thugann cuairt ar shuíomh gréasáin CTE le linn, mar shampla, turas gnó chuig na Stáit Aontaithe. Ní dhearna an Coimisiún gach dícheall cuí chun aistrithe sonraí chuig na Stáit Aontaithe a sheachaint, ós rud é gur roghnaigh sé líonra seachadta inneachair bunaithe ar struchtúr den chéad scoth, seachas réiteach óstála Eorpach amháin.

142 De réir an iarratasóra, rinne an t-aistriú sonraí pearsanta sin damáiste neamhábhartha dó, de réir bhrí aithris 46 de Rialachán 2018/1725, a mhéid a chaill sé smacht ar a chuid sonraí, a aistríodh chuig na Stáit Aontaithe agus a bhí faoi réir faireachas neamhdhleathach ag údaráis na Stát Aontaithe, agus ar baineadh a chearta agus a shaoirsí de.

143 Chuir an Coimisiún i gcoinne na n-argóintí sin.

144 Mar réamhphointe agus i bhfianaise argóintí an iarratasóra, ba cheart a mheabhrú, i gcomhthéacs an iarratais seo ar dhamáistí, nach mbaineann scrúdú na Cúirte Ginearálta go díreach le dlíthiúlacht chinneadh an Choimisiúin seirbhís Amazon CloudFront a úsáid chun inneachar shuíomh gréasáin CTE a scaipeadh, ach le fíorú a dhéanamh ar na coinníollacha faoina dtabhóidh an Coimisiún dliteanas neamhchonarthach maidir leis an aistriú atá faoi dhíospóid le linn na cuairte arna tabhairt ar shuíomh gréasáin CTE an 8 Meitheamh 2022.

145 Sa chás seo, measann an Chúirt gurb iomchuí déileáil ag an tús leis an gcoinníoll a bhaineann le nasc cúisíoch a bheith ann idir iompar éagórach líomhnaithe an Choimisiúin agus an damáiste neamhábhartha a líomhnaítear.

146 Is léir ón gcásdlí dá dtagraítear i mír 55 thuas go mbaineann an coinníoll maidir le nasc cúisíoch le nasc atá díreach go leor a bheith ann idir an t-iompar a chuirtear an institiúid ina leith agus an damáiste, nasc ar faoin iarratasóir atá sé a chruthú, agus é mar thoradh air sin nach mór don iompar a ndéantar gearán ina leith a bheith ina chúis chinntitheach leis an damáiste.

147 Thairis sin, is léir ón gcásdlí gur bunaíodh an nasc cúisíoch is gá chun go dtabhódh an tAontas dliteanas neamhchonarthach de réir bhrí an dara mír d'Airteagal 340 CFAE nuair is iarmhairt dhíreach an ghnímh éagóraigh atá i gceist é an damáiste (breithiúnas an 28 Meitheamh 2007, *Internationaler Hilfsfonds* v *an Coimisiún*, C-331/05 P, EU:C:2007:390, mír 23).

148 Maidir le cineál díreach an naisc chúisíoch, chinn an Chúirt Ghinearálta cheana féin nach mór an damáiste a bheith mar thoradh díreach ar an neamhdhleathacht arna maíomh seachas ar rogha an iarratasóra maidir le conas freagairt don ghníomh neamhdhleathach líomhnaithe. Measadh, dá bhrí sin, nach leor go raibh an t-iompar neamhdhleathach ina choinníoll riachtanach (*conditio sine qua non*) chun go dtarlódh an damáiste, sa chiall nach dtarlódh sé in éagmais an iompair sin, chun nasc cúisíoch atá díreach go leor a bhunú de réir bhrí chásdlí an Aontais (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnais an 30 Samhain 2011, *Transnational Company 'Kazchrome' agus ENRC Marketing* v *an Chomhairle agus an Coimisiún*, T-107/08, EU:T:2011:704, mír 80 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 23 Bealtaine 2019, *Remag Metallhandel agus Jaschinsky* v *an Coimisiún*, T-631/16, nár foilsíodh, EU:T:2019:352, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).

149 Dá bhrí sin, is léir ón gcásdlí nach léirítear nasc cúisíoch den sórt sin nuair is iarmhairt dhíreach ar chinneadh an iarratasóra féin nó ar a shaoirse rogha é an damáiste arna mhaíomh agus nach féidir, dá bhrí sin, é a chur i leith na hinstitiúide nó an chomhlachta lena mbaineann (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnais an 28 Meitheamh 2007, *Internationaler Hilfsfonds* v *an Coimisiún*, C-331/05 P, EU:C:2007:390, míreanna 22 go 29; an 17 Feabhra 2017, *Novar* v *EUIPO*, T-726/14, EU:T:2017:99, míreanna 31 agus 32, agus an 28 Feabhra 2018, *Vakakis kai Synergates* v *an Coimisiún*, T-292/15, EU:T:2018:103, mír 173 agus an cásdlí dá dtagraítear).

150 Sa chás seo, is gá, dá bhrí sin, scrúdú a dhéanamh an bhfuil an t-iompar a chuirtear an Coimisiún ina leith, eadhon úsáid na seirbhíse Amazon CloudFront mar líonra seachadta inneachair ar shuíomh gréasáin CTE, ina chúis dhíreach leis an damáiste neamhábhartha a líomhnaítear, arb é atá ann smacht ar shonraí pearsanta an iarratasóra a aistríodh chuig na Stáit Aontaithe le linn na cuairte arna tabhairt ar an suíomh gréasáin sin an 8 Meitheamh 2022 a chailleadh.

151 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, is léir ón gcomhad agus ó fhreagraí na bpáirtithe ar na ceisteanna a cuireadh ag an éisteacht go raibh an t-iarratasóir in München an 8 Meitheamh 2022 agus gur thug sé cuairt ar shuíomh gréasáin CTE roinnt uaireanta. Le linn na gcuairteanna sin, bunaíodh naisc le seoladh IP an iarratasóra i ndiaidh a chéile le freastalaithe éagsúla de chuid na seirbhíse Amazon CloudFront, atá i bhfad óna chéile ó thaobh na tíreolaíochta de. Mar shampla, cheangail sé ag 7:13 le freastalaí atá lonnaithe in München, ag 11:13 le freastalaí atá lonnaithe i Londain (an Ríocht Aontaithe), ag 12:56 le freastalaí atá lonnaithe in Hillsboro (Oregon, na Stáit Aontaithe), ag 13:05 le freastalaí atá lonnaithe in Newark agus ag 19:12 le freastalaí atá lonnaithe in Frankfurt am Main (an Ghearmáin).

152 Ar an dara dul síos, is léir ón gcomhad gur aistríodh seoladh IP an iarratasóra chuig freastalaithe éagsúla na seirbhíse Amazon CloudFront dá dtagraítear i mír 151 thuas, lena n-áirítear iad siúd atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe.

153 Ar an tríú dul síos, ba cheart a mheabhrú gur sonraí pearsanta iad seoladh IP an iarratasóra.

154 Ar an gceathrú dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara gurbh ionann suíomh gréasáin CTE, an 8 Meitheamh 2022, agus 4 548 rochtain agus 18 seoladh IP éagsúla. Díobh sin, bhunaigh seoladh IP aonair, eadhon seoladh an iarratasóra, nasc le freastalaithe atá lonnaithe lasmuigh den Aontas Eorpach, eadhon sna Stáit Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe. I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara nár léiríodh nó nár líomhnaíodh fiú go raibh fadhbanna teicniúla nó de chineál eile ag an tseirbhís Amazon CloudFront do shuíomh gréasáin CTE an 8 Meitheamh 2022, chun gnáthoibriú a shásra ródaithe a chosc i gcomhréir le prionsabal na gaireachta, lena dtreoraítear iarrataí na n-úsáideoirí ó shuíomh gréasáin CTE chuig an bhfreastalaí imeallach a sholáthraíonn an t-aga folaigh is ísle ag brath ar shuíomh geografach an úsáideora (féach mír 112 thuas).

155 Ar an gcúigiú dul síos, maidir leis na himthosca a bhaineann leis na naisc arna mbunú ag seoladh IP an iarratasóra le freastalaithe atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, ar an gcéad dul síos, is léir ón gcomhad agus ó fhreagraí na bpáirtithe ag an éisteacht go n-áitíonn an t-iarratasóir go raibh na naisc sin mar thoradh ar fheidhmiú Amazon CloudFront seachas ar aon ionramháil a líomhnaítear a rinne sé. Ar an dara dul síos, tugann an Coimisiún faoi deara go raibh na naisc sin neamhthipiciúil agus nach féidir iad a mhíniú ach amháin trí ionramháil theicniúil ar thaobh an iarratasóra.

156 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go léirítear leis na himthosca a thuairiscítear i mír 151 thuas nach féidir suíomhanna éagsúla na bhfreastalaithe lena bhfuil seoladh IP an iarratasóra nasctha a bheith mar thoradh ar thaisteal fisiceach an iarratasóra an lá céanna, rud nach féidir a dhéanamh i bhfianaise na n-achar agus na n-eatramh ama atá i gceist. Thairis sin, níor léiríodh aon mhífheidhmiú ar an tseirbhís Amazon CloudFront ná níor líomhnaíodh é fiú, rud a fhágann gur thángthas ar an gconclúid, an 8 Meitheamh 2022, gur oibrigh an tseirbhís sin i gcomhréir le prionsabal na gaireachta do theirminéal an úsáideora, lena sásra ródaithe lena dtreoraítear iarrataí na n-úsáideoirí ó shuíomh gréasáin CTE chuig an bhfreastalaí imeallach a sholáthair an t-aga folaigh is ísle (féach mír 154 thuas).

157 Sna himthosca sin, ní féidir naisc sheoladh IP an iarratasóra le freastalaithe atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe nuair a bhí sé sa Ghearmáin a bheith mar thoradh ar ghnáthoibriú na seirbhíse Amazon CloudFront, ach mar thoradh ar choigeartú teicniúil a rinne an t-iarratasóir chun a shuíomh dealraitheach a athrú, trína chur i láthair sa réimse digiteach amhail is dá mbeadh sé ar an lá céanna i ndiaidh a chéile in áiteanna gar do München, Londain, Hillsboro, Newark agus Frankfurt am Main.

158 Dá bhrí sin, is léir gurb é oibriú na seirbhíse Amazon CloudFront, lena sásra ródaithe a oibríonn de réir phrionsabal na gaireachta agus a chumhdaíonn limistéar geografach níos leithne ná críoch LEE, lena n-áirítear go háirithe na Stáit Aontaithe (féach míreanna 112 agus 114 thuas), lenar ceadaíodh, le linn na gcuairteanna arna dtabhairt ar shuíomh gréasáin CTE, do sheoladh IP an iarratasóra naisc a bhunú le freastalaithe Amazon CloudFront atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe.

159 Mar sin féin, cé gur coinníoll riachtanach é an úsáid a bhaineann an Coimisiún as an tseirbhís Amazon CloudFront chun sonraí pearsanta a aistriú chuig na Stáit Aontaithe, dá dtagraítear i mír 152 thuas, ní leor an méid sin, in imthosca an cháis seo, chun nasc cúisíoch atá díreach go

leor a shuí idir an damáiste neamhábhartha arna líomhain ag an iarratasóir agus iompar neamhdhleathach líomhnaithe an Choimisiúin, arb é atá ann seirbhís den sórt sin a úsáid de shárú ar fhorálacha Chaibidil V de Rialachán 2018/1725.

160 Is é iompar an iarratasóra nach mór a mheas gurb é is cúis dhíreach láithreach leis an damáiste neamhábhartha líomhnaithe agus ní an mí-iompar a líomhnaítear a rinne an Coimisiún trí úsáid a bhaint as an tseirbhís Amazon CloudFront.

161 Dá bhrí sin, ba é an t-iarratasóir a chuir na coinníollacha riachtanacha i bhfeidhm chun naisc le freastalaithe atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe a spreagadh trí oibriú na seirbhíse Amazon CloudFront. Ba é iompar an iarratasóra ba chúis le sásra ródaithe na seirbhíse Amazon CloudFront ag seoladh a iarrataí chun cuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin CTE chuig freastalaithe atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, ós rud é gurbh iad na freastalaithe sin a raibh an t-aga folaigh ab ísle acu i gcomparáid le suíomh dealraitheach an iarratasóra sa réimse digiteach, cé nár fhreagair sé sin dá shuíomh iarbhír.

162 Ina theannta sin, níl an t-iarratasóir i dteideal dul i mbun iompar atá dírithe ar thoradh áirithe a bhaint amach (eadhon aistriú a shonraí pearsanta chuig tríú tír) agus, ina dhiaidh sin, cúiteamh a lorg as an damáiste a líomhnaítear a rinne an toradh sin, arbh é a iompar ba chúis dhíreach leis. Dá bhrí sin, murab ionann agus an méid a mhaíonn an t-iarratasóir, i gcomhthéacs caingean le haghaidh damáistí amhail an cás seo, ní féidir measúnú a dhéanamh ar a chás ar bhealach atá cosúil le cás úsáideora a thaistil go dtí na Stáit Aontaithe i ndáiríre agus, dá bhrí sin, a fuair rochtain ar shuíomh gréasáin CTE ón tír sin.

163 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, maidir leis an aistriú atá faoi dhíospóid le linn na gcuairteanna arna dtabhairt ar shuíomh gréasáin CTE an 8 Meitheamh 2022, níor léiríodh nasc cúisíoch atá díreach go leor idir iompar neamhdhleathach líomhnaithe an Choimisiúin agus an damáiste neamhábhartha ar a líomhnaítear.

164 Ós rud é nach gcomhlíontar ceann de na coinníollacha carnacha chun dliteanas neamhchonarthach an Aontais a thabhú, ní mór an t-iarratas ar dhamáistí a dhíbhe maidir leis an aistriú atá faoi dhíospóid le linn na gcuairteanna arna dtabhairt ar shuíomh gréasáin CTE an 8 Meitheamh 2022, gan é a bheith riachtanach scrúdú a dhéanamh ar na coinníollacha eile chun an dliteanas sin a thabhú.

– *Aistriú atá faoi dhíospóid le linn an naisc le EU Login an 30 Márta 2022*

165 Áitíonn an t-iarratasóir, an 30 Márta 2022, nuair a chláraigh sé don imeacht ‘GoGreen’ atá ar fáil ar shuíomh gréasáin CTE, gur aistríodh a sheoladh IP agus faisnéis faoina bhrabhsálaí agus a theirminéal chuig Meta Platforms, atá bunaithe sna Stáit Aontaithe, ar leis an líonra sóisialta Facebook. Tráth an chlárúcháin sin, cuireadh an t-iarratasóir faoi bhráid na seirbhíse fíordheimhniúcháin an Aontais EU Login, a bhfuil sé beartaithe aici, *inter alia*, nascadh trí líonraí sóisialta éagsúla. Roghnaigh an t-iarratasóir nasc trína chuntas Facebook agus, nuair a chliceáil sé ar an hipearnasc á atreorú chuig Facebook, mar thoradh ar an nasc sin tarchuireadh a sheoladh IP chuig Facebook. Níor ghlac an t-iarratasóir ach le ‘fianáin riachtanacha’ Facebook. Bailíodh sonraí pearsanta eile an iarratasóra, eadhon a sheoladh ríomhphoist, a shloinne, a chéadainm agus a phictiúr próifíle, ar Facebook trí úsáid a bhaint as fianáin, go háirithe an fianán ar a dtugtar ‘sb’, agus aistríodh iad chuig freastalaithe Meta Platforms. Is léir ón gcásdlí go bhfuil bainisteoirí suíomhanna gréasáin a úsáideann Facebook ar a suíomhanna gréasáin, mar is amhlaidh i gcás an Choimisiúin, freagrach, in éineacht le Facebook, as dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí a

chomhlíonadh. Dá bhrí sin, tá an Coimisiún freagrach go comhpháirteach as fianáin atá stóráilte ag Facebook a shocrú. Chaill an t-iarratasóir smacht ar a shonraí pearsanta a tarchuireadh chuig Facebook agus baintear a chearta agus a shaoirsí de, arb ionann é agus damáiste neamhábhartha de réir bhrí aithris 46 de Rialachán 2018/1725.

166 Chuir an Coimisiún i gcoinne na n-argóintí sin. Maíonn sé, go bunúsach, nach ndearna sé ná nár sheol sé aon aistrithe sonraí chuig Meta Platforms. Níl sé éigeantach clárú trí EU Login chun páirt a ghlacadh san imeacht 'GoGreen' agus, fiú trí úsáid a bhaint as EU Login, bhí féidearthachtaí éagsúla fíordheimhniúcháin ag an iarratasóir, lena n-áirítear féidearthachtaí nach gá cuntas meán sóisialta a úsáid ina leith. Dá bhrí sin, is faoin iarratasóir atá sé nasc a dhéanamh leis an tseirbhís EU Login lena chuntas Facebook agus, dá bhrí sin, is é féin, agus ní an Coimisiún, a sheol rochtain ar shuíomh gréasáin Facebook. Thairis sin, ó thaobh na teicneolaíochta de, is trí bhíthin an hipearnaisc a thaispeántar ar an suíomh gréasáin EU Login, nach bhfuil sonraí pearsanta an úsáideora ann, a dhéantar an rogha fíordheimhniú a dhéanamh le Facebook. Murab ionann agus an méid a mhaíonn an t-iarratasóir, ní aistrítear na sonraí a bhailítear le fianáin arna n-úsáid ag Facebook chuig an gCoimisiún le linn an naisc le EU Login agus níl an Coimisiún freagrach astu. Eascraíonn na fianáin sin as na malartuithe idir Facebook agus an t-iarratasóir, ar bhonn na dtoilithe a thug an t-iarratasóir, ós rud é nach bhfuil baint ag an gCoimisiún leis na malartuithe sin. Ina theannta sin, áitíonn an Coimisiún nach bhfuil an cásdlí ar a bhfuil an t-iarratasóir ag brath infheidhme sa chás seo agus, in aon chás, gur saincheist dlí nua a ardaíodh den chéad uair ag céim an fhreagra í argóint an iarratasóra atá bunaithe ar dhliteanas comhpháirteach líomhnaithe an Choimisiúin agus Meta Platforms atá, dá bhrí sin, do-ghlactha.

167 Sa chás seo, ba cheart, ar an gcéad dul síos, scrúdú a dhéanamh ar chomhthéacs fíorasach an aistrithe atá faoi dhíospóid le linn an naisc le EU Login an 30 Márta 2022, agus an fhianaise ón gcomhad agus freagraí na bpáirtithe ar na ceisteanna a chuir an Chúirt Ghinearálta ag an éisteacht agus beart eagrúcháin nós imeachta an 9 Feabhra 2024 á gcur san áireamh.

168 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur fógraíodh an t-imeacht 'GoGreen', arna eagrú ag comhlacht atá lonnaithe san Ísiltír, ar shuíomh gréasáin CTE. D'fhéadfaí clárú don imeacht sin, *inter alia*, ar shuíomh gréasáin CTE, tríd an tseirbhís EU Login.

169 Roghnaigh an t-iarratasóir clárú ar shuíomh gréasáin CTE trí úsáid a bhaint as EU Login.

170 Is é EU Login seirbhís fíordheimhniúcháin úsáideora an Choimisiúin, a chosnaíonn na céadta suíomh gréasáin agus feidhmchlár de chuid an Aontais. Sa chás seo, ba é an cuspóir a bhí le nascadh le EU Login, chun clárú don imeacht 'GoGreen', a áirithiú go ndearnadh an clárú trí sheoladh ríomhphoist fíoraithe, rud a laghdódh na rioscaí a bhaineann le clárú úsáideoirí bréagacha nó goid céannachta.

171 Taispeánann EU Login roinnt roghanna nasctha ar a leathanach gréasáin. Is é an chéad rogha nasc díreach a dhéanamh le EU Login, trí na sonraí logála isteach a líonadh isteach le haghaidh chuntas EU Login atá ann cheana nó trí chuntas a chruthú le haghaidh na seirbhíse sin. Is é an dara cárta aitheantais leictreonach 'eID' a úsáid, atá ar fáil do shaoránaigh ó roinnt Ballstát. Is é an tríú rogha, atá ar fáil do líon teoranta seirbhísí, cuntas atá ag an úsáideoir cheana féin ar Facebook, Twitter nó Google a úsáid, trí chliceáil ar an hipearnasc comhfhreagrach, atá le feiceáil ar an suíomh gréasáin EU Login.

172 Is é is cúis leis an bhféidearthacht nascadh le EU Login trí chuntas Facebook gur mheas an Coimisiún gur cheart an rogha a thabhairt d'úsáideoirí nascadh le EU Login trí chuntais atá ann cheana ar ardáin, chun rochtain níos éasca agus níos tapúla a thabhairt dóibh, chomh maith leis an bhféidearthacht fíordheimhniú a dhéanamh gan gá le cuntas EU Login a chruthú agus, ar an gcaoi sin, méadú ar líon na gcuntas agus na n-eintiteas a bhfuil ar úsáideoirí a gcuid sonraí pearsanta a roinnt leo a sheachaint. Ina theannta sin, mheas an Coimisiún go raibh Facebook iontaofa chun seoltaí ríomhphoist úsáideoirí a fhíorú, i bhfianaise na mbeart a chuir Facebook i bhfeidhm. Mar sin féin, níl an hipearnasc lena bhféadfaí nascadh trí chuntas Facebook atá ann cheana ar fáil ar EU Login ach amháin do shuíomhanna gréasáin nó d'aipeanna nach bhfuil ach leibhéal bunúsach slándála ag teastáil ina leith.

173 Roghnaigh an t-iarratasóir an rogha chun nascadh le EU Login trína chuntas Facebook, agus úsáid á baint as an hipearnasc 'Sign in with Facebook' a thaispeántar ar an suíomh gréasáin EU Login ('an hipearnasc "Logáil isteach le Facebook"').

174 Tá nasc chuig suíomh gréasáin lasmuigh den Choimisiún san hipearnasc 'Logáil isteach le Facebook'. Nuair a úsáidtear an hipearnasc sin, trí chliceáil air, tugann sé rochtain ar sheoladh URL shuíomh gréasáin Facebook, is é sin le rá, chuig seoladh aonair an tsuímh gréasáin sin.

175 Cruthaíonn rochtain ar sheoladh URL shuíomh gréasáin Facebook cumarsáid idir brabhsálaí an úsáideora agus an suíomh gréasáin sin, agus sa chomhthéacs sin déanann an brabhsálaí seoladh IP an úsáideora a tharchur chuig an suíomh gréasáin atá faoi dhíospóid. Tá an tarchur sin cosúil leis an tarchur a tharlaíonn nuair a chuireann an t-úsáideoir seoladh URL aon suímh ghréasáin isteach go díreach ina bhrabhsálaí, sa mhéid is go gcaithfidh gach úsáideoir idirlín ar mian leis rochtain a fháil ar shuíomh gréasáin an seoladh IP a nochtadh.

176 Tríd an hipearnasc 'Logáil isteach le Facebook', seolann EU Login faisnéis áirithe chuig Facebook, faisnéis is gá le haghaidh an phróisis fíordheimhniúcháin agus is i bhfoirm an tsampla seo a leanas:

https://www.facebook.com/v3.0/dialog/oauth?response_type=code&
client_id=1200572836629487&
redirect_uri=https%3A%2F%2Fecas.ec.europa.eu%2Fcas%2FoAuthCallback&scope=email&
state=useFacebook%7CECAS_LR-5249395-
yQYIt4muQF7PyfSbvEk42Lt0Zm6AmYrUlJfVU5FfsrkYNTaFX552FQShXP9oggHF9jlEUohJx6I4ACrQJ0zPJ4-rS0vSrmBGYCzOpBivVtNak-
93Am7vhlDrqH4FT9cBOzViGrSdq4b2TrFkbOxzHB4zyingpuKF16KQfMnmu5izfXzUIIDHx1HqNS9QGEFVWzoeq0

177 Go sonrach, seo a leanas an fhaisnéis atá sa hipearnasc 'Logáil isteach le Facebook':

– ar an gcéad dul síos, tá 'cód aitheantais uathúil' sa roinn 'client_id= 1200572836629487', lena sainaithnítear EU Login mar fheidhmchlár. Is ionann an uimhir aitheantais sin do gach úsáideoir ar mian leis fíordheimhniú a dhéanamh le EU Login trí Facebook;

– ar an dara dul síos, tá seoladh URL ginearálta EU Login sa chuid 'redirect_uri=https%3A%2F%2Fecas.ec.europa.eu%2Fcas%2FoAuthCallback', arb é an seoladh

é nach mór do Facebook an t-úsáideoir a sheoladh chuige tar éis don úsáideoir toiliú lena shonraí pearsanta a tharchur trí Facebook chuig EU Login;

– ar an tríú dul síos, sa roinn ‘scope=email’ tá na sonraí nach mór do Facebook a tharchur chuig EU Login chun fíordheimhniú rathúil úsáideora a áirithiú, lena n-áirítear seoladh ríomhphoist an úsáideora chomh maith leis an gcéad ainm agus sloinne a léirítear ar shuíomh gréasáin Facebook agus cuntas Facebook á chruthú aige;

– ar an gceathrú dul síos, léirítear sa roinn ‘state=useFacebook’ gur luach slándála randamach é an teaghrán fada carachtar seo a leanas, a úsáidtear chun ionsaithe slándála a sheachaint agus a bhfuil tréimhse bhailíochta theoranta aige. Is é EU Login a ghineann an luach slándála randamach sin go randamach agus comhlíonann sé feidhm na habairte rúnda, rud nach mór do Facebook a dhéanamh arís agus sonraí á dtarchur chuig EU Login, ionas go mbeidh a fhios ag EU Login go mbaineann an seoladh ríomhphoist, an céadainm agus an sloinne a cuireadh in iúl leis an úsáideoir a sheol an modh fíordheimhniúcháin. Nuair a bheidh an spriocdháta imithe in éag nó nuair a bheidh an t-úsáideoir fíordheimhnithe cheana féin, ní féidir an luach slándála a úsáid a thuilleadh; agus

– ar an gcúigiú dul síos, léirítear sa roinn ‘response_type=code’ go bhfuil cód uathúil fós ag gabháil le tarchur sonraí ó Facebook chuig EU Login. Áireofar leis an gcód uathúil sin an luach randamach slándála a luaitear thuas. Is ionann an cód uathúil agus cláruimhir uathúil nó sraithuimhir lena bhfíordheimhnítear na sonraí a tharchuireann Facebook chuig EU Login.

178 A luaithe a fhaigheann an t-úsáideoir rochtain ar sheoladh URL Facebook, bíonn sé ar an suíomh gréasáin sin, áit a bhfeictear fuinneog ar an gcéad dul síos ag iarraidh ar an úsáideoir glacadh le húsáid fianán nó ‘cookies’ ag Facebook. Ansin, má ghlactar le fianáin, osclaítear fuinneog eile chun ainm úsáideora agus pasfhocal chuntas an úsáideora a líonadh isteach ar Facebook. Ar deireadh, a luaithe a bheidh sé logáilte isteach ina chuntas Facebook, is féidir leis an úsáideoir ligean do Facebook fianáin a úsáid ar aipeanna agus ar shuíomhanna gréasáin eile tríd an gceist ‘Allow Facebook to use cookies and similar technologies placed on other apps and websites?’ a fhreagairt. Má thoilíonn an t-úsáideoir leis an úsáid sin, iarrfar air ina dhiaidh sin toiliú le Facebook an chéad ainm, an sloinne, an pictiúr próifíle agus an seoladh ríomhphoist a bhaineann lena chuntas Facebook a chur ar fáil do EU Login. Ina theannta sin, le linn an phróisis sin, is féidir leis an úsáideoir cur isteach ar an bhfíordheimhniú trína chuntas Facebook, tríd an rogha ‘Cancel’ a roghnú. Sa chás sin, atreoraítear chuig suíomh gréasáin EU Login é, áit a dtaispeántar an leathanach ina bhfuil na roghanna logála isteach arís.

179 Sa chás seo, nuair a chliceáil an t-iarratasóir ar an hipearnasc ‘Logáil isteach le Facebook’, rinne a bhrabhsálaí idirlín rochtain ar sheoladh URL shuíomh gréasáin Facebook agus, dá bhrí sin, chuir sé a sheoladh IP in iúl don suíomh gréasáin sin. Ansin, nuair a bhí sé ar shuíomh gréasáin Facebook, roghnaigh an t-iarratasóir na roghanna a lig do Facebook gan ach fianáin riachtanacha a úsáid, ansin logáil sé isteach ina chuntas Facebook agus, ar deireadh, d’údaraigh sé do Facebook a chéadainm, a shloinne, a phictiúr próifíle agus a sheoladh ríomhphoist a chur in iúl do EU Login, mar a chuir sé ar fáil ar a chuntas Facebook iad.

180 Tar éis don iarratasóir na húdaruithe sin a dheonú, rinne Facebook é a tharchur chuig suíomh gréasáin EU Login, i gcomhréir leis an bhfaisnéis atá san hipearnasc ‘Logáil isteach le Facebook’ (féach mír 177, an chéad fhleasc agus an dara fleasc, thuas).

181 Ag an am céanna, chuir Facebook in iúl do EU Login an luach randamach slándála agus an cód uathúil dá dtagraítear i mír 177, an ceathrú fleasc agus an cúigiú fleasc, thuas. Ar an gcéad dul síos, chuir cumarsáid Facebook ar chumas EU Login a fhios a bheith aige gur bhain na sonraí pearsanta a chuir Facebook ar fáil dó leis an úsáideoir a sheol an próiseas fíordheimhnithe, eadhon, sa chás seo, an t-iarratasóir. Ar an dara dul síos, chuir sé ar chumas EU Login rochtain a fháil, ar feadh tréimhse theoranta, ar na sonraí pearsanta dá dtagraítear sa tríú fleasc de mhír 177 thuas, eadhon, *inter alia*, céadainm, sloinne agus seoladh ríomhphoist an iarratasóra, mar a chuir sé isteach iad ar a chuntas Facebook. Rinne Facebook na sonraí sin a tharchur chuig EU Login trí nasc criptithe eatarthu. Ba ar bhonn na sonraí a chuir Facebook ar fáil a fhíordheimhnigh EU Login seoladh ríomhphoist an iarratasóra.

182 Ina theannta sin, ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil líonra sóisialta Facebook faoi úinéireacht Meta Platforms, gnóthas atá bunaithe sna Stáit Aontaithe.

183 Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go rialaítear taispeáint an hipearnaisc sin ar shuíomh gréasáin EU Login le coinníollacha ginearálta ardán Facebook, a nochtar ar an seoladh idirlín ‘https://developers.facebook.com/terms’.

184 Is i bhfianaise na mbreithnithe sin nach mór scrúdú a dhéanamh an bhfuil na coinníollacha don Choimisiún chun dliteanas neamhchonarthach a thabhú á gcomhlíonadh.

185 Maíonn an t-iarratasóir, go bunúsach, le linn dó nasc a fháil ar EU Login an 30 Márta 2022, gur aistríodh sonraí pearsanta leis, go háirithe a sheoladh IP, chuig freastalaithe líonra sóisialta Facebook, a bhfuil a úinéir bunaithe sna Stáit Aontaithe. Rinneadh an t-aistriú sin de shárú ar Airteagal 46 de Rialachán 2018/1725 agus ba chúis leis an damáiste neamhábhartha don iarratasóir arbh é a bhí ann caillteanas smachta ar a chuid sonraí agus cailleadh a chearta agus a shaoirsí.

186 Mar réamhphointe, ba cheart a mheabhrú, mar is léir ó mhír 95 thuas, go gceanglaítear le haistriú sonraí pearsanta chuig tríú tír, de réir bhrí Airteagal 46 de Rialachán 2018/1725, ar institiúid, comhlacht, oifig agus gníomhaireacht de chuid an Aontais sonraí pearsanta a chur ar fáil, trí tharchur nó ar bhealach eile, d’fhaighteoir atá bunaithe i dtríú tír, is é sin le rá, tír nach ball den Aontas Eorpach ná de LEE í.

187 Sa chás seo, léirítear, ar an gcéad dul síos, i measc na roghanna chun nascadh le EU Login, gur roghnaigh an t-iarratasóir nascadh lena chuntas Facebook. Ar an dara dul síos, tá nasc chuig seoladh URL shuíomh gréasáin Facebook san hipearnasc ‘Logáil isteach le Facebook’. Ar an tríú dul síos, nuair a chuir an t-iarratasóir an hipearnasc sin i ngníomh trí chliceáil air, fuair a bhrabhsálaí rochtain ar sheoladh URL shuíomh gréasáin Facebook agus tharchuir sé a sheoladh IP chuig Facebook ina dhiaidh sin (féach míreanna 173 go 175 thuas).

188 Dá bhrí sin, chruthaigh an Coimisiún, tríd an hipearnasc ‘Logáil isteach le Facebook’, atá ar taispeáint ar leathanach gréasáin EU Login, na coinníollacha lenar féidir seoladh IP an iarratasóra a tharchur chuig Facebook. Mar sin féin, is ionann an seoladh IP sin agus sonraí pearsanta an iarratasóra (féach mír 122 thuas), a tarchuireadh, tríd an hipearnasc sin, chuig Meta Platforms, gnóthas atá bunaithe sna Stáit Aontaithe. Dá bhrí sin, comhfhreagraíonn an tarchur sin d’aistriú sonraí pearsanta chuig tríú tír, de réir bhrí Airteagal 46 de Rialachán 2018/1725.

189 Ina theannta sin, léirítear sa chás seo, tráth an aistrithe sonraí sin, eadhon an 30 Márta 2022, nach raibh aon chinneadh leordhóthanachta ann, de réir bhrí Airteagal 47 de Rialachán 2018/1725, maidir leis na Stáit Aontaithe (féach mír 100 thuas).

190 In éagmais cinneadh leordhóthanachta ón gCoimisiún maidir leis na Stáit Aontaithe, níl feidhm ag sonraí pearsanta a aistriú go tríú tír nó go heagraíocht idirnáisiúnta ach amháin má tá foráil déanta ag an rialaitheoir nó ag an bpróiseálaí maidir le coimircí iomchuí agus ar choinníoll go bhfuil cearta in-fhorfheidhmithe agus leigheasanna éifeachtacha dlí ag na hábhair sonraí, i gcomhréir le hAirteagal 48(1) de Rialachán 2018/1725 (féach mír 101 thuas).

191 Sa chás seo, níor léirigh an Coimisiún, ná níor líomhain sé fiú, go bhfuil coimirce iomchuí ann, go háirithe clásal caighdeánach maidir le cosaint sonraí nó clásal conarthach arna ghlacadh faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 48(2) agus (3) de Rialachán 2018/1725 (féach míreanna 102 go 104 thuas). Os a choinne sin, léirítear nach bhfuil taispeáint an hipearnaisc ‘Logáil isteach le Facebook’ ar shuíomh gréasáin EU Login ach á rialú ag coinníollacha ginearálta ardán Facebook (féach mír 183 thuas).

192 Dá bhrí sin, chruthaigh an Coimisiún na coinníollacha maidir le sonraí pearsanta an iarratasóra a aistriú chuig tríú tír, gan na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 46 de Rialachán 2018/1725 a chomhlíonadh.

193 Ní mór teacht ar an gconclúid, dá bhrí sin, gan aon ghá a bheith ann argóintí eile an iarratasóra a scrúdú, go ndearna an Coimisiún sárú atá tromchúiseach go leor, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 50 thuas, ar Airteagal 46 de Rialachán 2018/1725, a mhéid a bhaineann leis an aistriú atá faoi dhíospóid le linn an naisc le EU Login an 30 Márta 2022.

194 Is gá, dá bhrí sin, scrúdú a dhéanamh an gcomhlíontar sa chás seo na coinníollacha eile atá ann don Choimisiún chun dliteanas neamhchonarthach a thabhú, a bhaineann le damáiste agus nasc cúisíoch.

195 Maíonn an t-iarratasóir go ndearna aistriú neamhdhleathach a sheolta IP chuig gnóthas atá bunaithe sna Stáit Aontaithe damáiste neamhábhartha dó arbh é a bhí ann caillteanas smachta ar a chuid sonraí agus cailleadh a chearta agus a shaoirsí.

196 I ndáil leis sin, ní mór a mheas go dtugtar le hAirteagal 65 de Rialachán 2018/1725 ceart chun cúitimh ní hamháin as damáiste ábhartha ach freisin as damáiste neamhábhartha a fulaingíodh mar thoradh ar shárú ar an Rialachán sin, gan é a bheith riachtanach aon tairseach tromchúise a léiriú (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnas an 4 Bealtaine 2023, *Österreichische Post (Damáiste neamhábhartha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta)*, C-300/21, EU:C:2023:370, míreanna 45 agus 51).

197 Sa chás seo, ní mór an damáiste neamhábhartha a mhaíonn an t-iarratasóir a mheas mar dhamáiste iarbhír agus cinnte, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 54 thuas, a mhéid a chuir an t-aistriú dá dtagraítear i mír 188 thuas, arna dhéanamh de shárú ar Airteagal 46 de Rialachán 2018/1725, an t-iarratasóir i staid éiginnteachta maidir le próiseáil a shonraí pearsanta, go háirithe a sheoladh IP.

198 Ina theannta sin, tá nasc cúisíoch atá díreach go leor ann, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 55 thuas, idir sárú an Choimisiúin ar Airteagal 46 de Rialachán 2018/1725 agus an damáiste neamhábhartha a d’fhulaing an t-iarratasóir.

199 In imthosca an cháis seo, ní mór méid an damáiste neamhábhartha a rinne an Coimisiún a mheasúnú *ex aequo et bono* ag EUR 400.

200 Dá bhrí sin, ní mór a ordú don Choimisiún suim EUR 400 a íoc leis an iarratasóir i leith an damáiste neamhábhartha a fulaingíodh mar thoradh ar an aistriú atá faoi dhíospóid le linn an naisc le EU Login an 30 Márta 2022.

Costais

201 I gcomhréir le hAirteagal 134(3) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, íocfaidh gach páirtí a gcostais féin i gcás ina n-éireoidh le gach páirtí i roinnt de na pointí agus go dteipfidh orthu i roinnt eile. Más dealraitheach bonn cirt a bheith leis de réir imthosca an cháis, áfach, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta a ordú go n-íocfaidh páirtí amháin, chomh maith lena chostais féin, sciar de chostais an pháirtí eile.

202 Sa chás seo, níor éirigh leis an iarratasóir ar a chéad chuntar éilimh agus ar a dhara cuntar éilimh agus ar chuid dá thríú cuntar éilimh. Mar sin féin, seasadh go páirteach leis an tríú cuntar éilimh agus ordaíodh don Choimisiún na damáistí a d'iarr an t-iarratasóir a íoc mar chúiteamh as an damáiste neamhábhartha a d'fhulaing sé mar thoradh ar an aistriú atá faoi dhíospóid le linn an naisc le EU Login an 30 Márta 2022. Sna himthosca sin, ní mór a ordú don Choimisiún a chostais féin agus leath na gcostas arna dtabhú ag an iarratasóir a íoc. Íocfaidh an t-iarratasóir an leath eile dá chostais féin.

Ar an bhforas sin,

dearbhaíonn agus ordaíonn AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Séú Dlísheomra Méadaithe)

mar seo a leanas:

1. **Déantar an chaingean a dhíbhe toisc í a bheith do-ghlactha a mhéid a bhaineann leis an éileamh le haghaidh neamhniú.**

2. **Ní gá rialú a thabhairt a thuilleadh ar an éileamh arb é is aidhm dó a dhearbhú gur mhainnigh an Coimisiún Eorpach go neamhdhleathach seasamh a ghlacadh maidir le hiarraidh ar fhaisnéis Thomas Bindl an 1 Aibreán 2022.**

3. **Ordaítear don Choimisiún suim EUR 400 a íoc le Bindl mar chúiteamh as an damáiste neamhábhartha a fulaingíodh.**

4. **Déantar an chuid eile den iarratas ar dhamáistí a dhíbhe.**

5. **Ordaítear don Choimisiún a chostais féin agus leath na gcostas arna dtabhú ag Bindl a íoc.**

6. **Ordaítear do Bindl leath dá gcostas féin a íoc.**

Costeira Kancheva Öberg

Zilgalvis Tichy-Fisslberger

Arna thabhairt i gcúirt oscailte i Lucsamburg an 8 Eanáir 2025.

Sínithe

Clár [1]

Cúlra na díospóide agus gníomhartha a tharlaíonn tar éis an chaingean a thabhairt . . . 2

An t-ordú atá á lorg ag na páirtithe . . . 3

An dlí lena mbaineann . . . 4

Réamhbhreithnithe maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus ag gníomhaireachtaí an Aontais . . . 4

Inghlacthacht . . . 5

Inghlacthacht an éilimh le haghaidh neamhniú . . . 5

Inghlacthacht an éilimh a bhaineann le mainneachtain gníomhú . . . 7

Maidir leis an éileamh ar dhamáistí . . . 8

Réamhbhreithnithe ar na coinníollacha a bhaineann le dliteanas neamhchonarthach an Aontais Eorpaigh a thabhú faoi Rialachán 2018/1725 . . . 8

An chéad iarratas ar dhamáistí as damáiste neamhábhartha a eascraíonn as sárú ar an gceart chun rochtain a fháil ar fhaisnéis . . . 10

An dara hiarratas ar dhamáistí as damáiste neamhábhartha a eascraíonn as na haistrithe atá faoi dhíospóid . . . 14

– Réamhbhreithnithe ar na forálacha a bhaineann le haistriú sonraí pearsanta chuig tríú tír . . . 14

– Feidhmiú sheirbhís Amazon CloudFront i gcomhthéacs shuíomh gréasáin CTE . . . 17

– Aistriú atá faoi dhíospóid le linn na cuairte arna tabhairt ar shuíomh gréasáin CTE an 30 Márta 2022 . . . 18

– Aistriú atá faoi dhíospóid le linn na cuairte arna tabhairt ar shuíomh gréasáin CTE an 8 Meitheamh 2022 . . . 21

– Aistriú atá faoi dhíospóid le linn an naisc le EU Login an 30 Márta 2022 . . . 24

Costais . . . 30

[i] Rinneadh leasuithe teanga (agus formáidithe) ar mhíreanna 8 agus 19, agus sna sínithe tar éis dóibh a bheith foilsithe ar líne den chéad uair.

[1] Ba cheart an clár a thabhairt cothrom le dáta.